

Treoirlínte

maidir le gnéithe áirithe de cheanglais oiriúnachta MiFID II

Clár na nÁbhar

I. Raon feidhme	4
II. Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhíithe	4
III. Cuspóir.....	6
IV. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe	6
V. Treoirlínte maidir le gnéithe áirithe de cheanglais oiriúnachta MiFID II.....	7

I. Raon feidhme

Cé atá i gceist?

1. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir leo seo a leanas:

- a. Údaráis Inniúla agus
- b. Gnólachtaí

Céard atá i gceist?

2. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le hAirteagal 25(2) de MiFID II agus Airteagail 54 agus 55 de Rialachán Tarmligthe MiFID II agus tá feidhm acu maidir le soláthar na seirbhísí infheistíochta seo a leanas a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I de MiFID II:

- comhairle infheistíochta;
- bainistíocht punainne.

3. Sna treoirlínte seo, tugtar aghaidh go príomha ar chásanna ina gcuirtear seirbhísí ar fáil do chliaint mhiondíola. Ba cheart go mbeadh feidhm acu freisin, a mhéid is ábhartha, nuair a chuirtear seirbhísí ar fáil do chliaint ghairmiúla, agus na forálacha faoi Airteagal 54(3) de Rialachán Tarmligthe MiFID II agus Iarscríbhinn II de MiFID II á gcur san áireamh.

Cén uair?

4. Beidh feidhm ag na treoirlínte seo sé mhí tar éis dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh.

Ar an dáta céanna, scoirfead d'fheidhm a bheith ag treoirlínte ESMA arna n-eisiúint roimhe seo faoi MiFID II¹.

II. Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhínte

Tagairtí reachtacha

MiFID II

Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE.²

MiFID II Rialachán tarmligthe

Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 an 25 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais eagraíochtúla agus na coinníollacha oibriúcháin do ghnólachtaí

¹ ESMA35-43-1163 - - Treoirlínte maidir le gnéithe áirithe de cheanglais oiriúnachta MiFID II.

² IO L 173, 12.06.2014, I. ch. 349.

infheistíochta agus téarmaí sainmhínithe chun críocha na Treorach sin.³

Rialachán ESMA

Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún⁴

Rialachán Tarmligthe 2021/1253 ón gCoimisiún

Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1253 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 maidir le fachtóirí, rioscaí agus tosaíochtaí inbhuanaitheachta a chomhtháthú i gceanglais eagraíochtúla áirithe agus i gcoinníollacha oibriúcháin áirithe do ghnólachtaí infheistíochta.⁵

Sainmhínithe

Gnólachtaí

Gnólachtaí infheistíochta (mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(1) de MiFID II) agus institiúidí creidmheasa (mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(27) de MiFID II) agus na seirbhísí infheistíochta um chomhairle infheistíochta agus bainistíochta punainne, atá liostaithe i Roinn A d'Iarscríbhinn I de MiFID II, á gcur ar fáil acu, gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí creidmheasa (agus iad ag díol nó ag tabhairt comhairle do chliant maidir le tascí struchtúracha), cuideachtaí bainistíochta GCUI (mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1)(b) de Threoir GCUI⁶) agus Bainisteoirí seachtracha Cistí Infheistíochta Malartacha (AIFManna) (mar a shainmhínítear in Airteagal 5(1)(a) den AIFMD⁷ le linn seirbhísí infheistíochta bainistíochta punainne aonair nó seirbhísí neamh-lárnacha a chur ar fáil (de réir bhrí Airteagal 6(3)(a) agus (b)(i) de Threoir GCUI agus Airteagal 6(4)(a) agus (b)(i) den AIFMD).

Measúnú oiriúnachta

An próiseas iomlán chun faisnéis a bhailiú faoi chliant agus measúnú an ghnólachta ina dhiaidh sin go bhfuil táirge infheistíochta áirithe oiriúnach dó, bunaithe freisin ar thuiscint dhaingean an ghnólachta ar na táirgí ar féidir leis a mholadh nó infheistíocht a dhéanamh iontu thar ceann an chliant.

³ IO L 87, 31.3.2017, lch. 1.

⁴ IO L 331, 15.12.2010, lch. 84.

⁵ IO L 277, 2.8.2021, lch. 1.

⁶ Treoir 2009/65/CE

⁷ Treoir 2011/61/AE

Táirge infheistíochta Ionstraim airgeadais (de réir bhrí Airteagal 4(1)(15) de MiFID II) nó taise struchtúraithe (de réir bhrí Airteagal 4(1)(43) de MiFID II).

Uathchomhairle Comhairle infheistíochta nó seirbhísí bainistíochta punainne a chur ar fáil (go hiomlán nó go páirteach) trí chóras uathoibríthe nó leath-uathoibríthe a úsáidtear mar uirlis chun déileáil le cliaint.

III. Cuspóir

5. Is é is cuspóir do na treoirlínte seo soiléiriú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm gnéithe áirithe de cheanglais oiriúnachta MiFID II lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go coiteann, go haonfhoirmeach agus go comhsheasmhach Airteagal 25(2) de MiFID II agus Airteagail 55 agus 56 de Rialachán Tarmligthe MiFID II.
6. Leis na treoirlínte seo, tá súil ag ESMA go ndéanfar cóineasú níos fearr a chur chun cinn maidir le léirmhíniú agus cur chuige maoirseachta i leith ceanglais oiriúnachta MiFID II trí bhéim a chur ar roinnt saincheisteanna tábhachtacha, agus ar an gcaoi sin cur le luach na gcaighdeán atá ann cheana. Trí chuidiú lena áirithiú go gcomhlíonfaidh gnólachtaí caighdeáin rialála, tá ESMA ag súil le neartú comhfhreagrach ar chosaint infheisteoirí.

IV. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte

7. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh faoi Airteagal 16 de Rialachán ESMA.⁸ I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ESMA, déanfaidh údaráis iniúla agus rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.
8. Ba cheart do na húdaráis iniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo ina leith iad a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcreataí náisiúnta dlí agus/nó maoirseachta de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil treoirlínte ar leith dírithe go príomha ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Sa chás sin, ba cheart d'údaráis iniúla a áirithiú trína maoirseacht go bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais.

Ceanglais tuairiscithe

9. Ní mór d'údaráis iniúla lena mbaineann na treoirlínte seo a chur in iúl do ESMA cibé an gcomhlíonann siad nó nach gcomhlíonann siad nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé ar intinn acu na treoirlínte a chomhlíonadh de réir mar is iomchuí, ag sonrú na gcúiseanna atá acu

⁸ Rialachán (AE) Uimh.1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margái), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún.

leis an neamhchomhlíonadh i gcás nach gcomhlíonann siad nó nach bhfuil sé ar intinn acu déanamh de réir, laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh.

10. Ní cheanglaítear ar ghnólachtaí a thuairisciú an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu.

V. Treoirlínte maidir le gnéithe áirithe de cheanglais oiriúnachta MiFID II

I.I FAISNÉIS DO CHLIAINT FAOI CHUSPÓIR AN MHEASÚNAITHE OIRIÚNACHTA AGUS FAOINA RAON FEIDHME

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 24(1), 24(4) agus 24(5) de MiFID II agus Airteagal 54(1) de Rialachán Tarmligthe MiFID II.

Treoirlíne ghinearálta 1

11. Ba cheart do ghnólachtaí a gcliaint a chur ar an eolas go soiléir agus go simplí faoin measúnú oiriúnachta agus faoin gcuspóir atá leis, is é sin cur ar chumas an ghnólachta gníomhú ar mhaithe le leas an chliaint. Ba cheart go n-áireofaí leis sin míniú soiléir go bhfuil sé de fhreagracht ar an ngnólacht an measúnú a dhéanamh, ionas go dtuigfidh na cliaint an fáth go bhfuiltear ag iarraidh orthu faisnéis áirithe a sholáthar agus go dtuigfidh siad an tábhacht a bhaineann le faisnéis a sholáthar atá cothrom le dáta, cruinn agus iomlán. Féadfar faisnéis den sórt sin a sholáthar i bhformáid chaighdeánaithe.

Treoirlínte tacaíochta

12. Ba cheart go gcabhródh faisnéis faoin measúnú oiriúnachta le cliaint cuspóir na gceanglas a thuiscint. Ba cheart go spreagfaí léi faisnéis atá cothrom le dáta, cruinn agus leordhóthanach a sholáthar maidir lena n-eolas, a dtaithí, a staid airgeadais (lena n-áirítear a gcumas cailteanais a iompar), agus a gcuspóirí infheistíochta (lena n-áirítear a lamháltas riosca). Ba cheart do ghnólachtaí a chur in iúl dá gcliaint go bhfuil sé tábhachtach faisnéis iomlán agus chruinn a bhailiú ionas gur féidir leis an ngnólacht táirgí nó seirbhísí oiriúnacha a mholadh don chliant. Gan an fhaisnéis sin, ní fhéadfaidh gnólachtaí comhairle infheistíochta agus seirbhísí bainistíochta punainne a chur ar fáil do chliaint.
13. Is faoi na gnólachtaí atá sé a chinneadh conas a chuirfidh siad a gcliaint ar an eolas faoin measúnú oiriúnachta. Ba cheart go gcuirfí ar chumas na rialuithe leis an bhformáid a úsáidtear, áfach, seiceáil a dhéanamh ar cuireadh an fhaisnéis ar fáil.
14. Ba cheart do ghnólachtaí a sheachaint a lua, nó a thabhairt le tuiscint, gurb é an cliant a chinneann oiriúnacht na hinfeistíochta, nó gurb é an cliant a dheimhníonn cé na hionstraimí airgeadais a oireann dá phróifíl riosca féin. Mar shampla, ba cheart do ghnólachtaí a sheachaint a chur in iúl don chliant gurb í ionstraim airgeadais áirithe an ceann a roghnaigh an cliant a bheith oiriúnach, nó a cheangal ar an gcliaint a dhearbhú go bhfuil ionstraim nó seirbhís oiriúnach.

15. Ní bheadh aon tionchar ar bhealach ar bith ar thréithriú na seirbhíse a chuirtear ar fáil go praiticiúil do chliant ná ar mheasúnú ar chomhlíonadh na gnólachta na ceanglais chomhfhreagracha ag aon séanadh (nó ráitis eile dá samhail) a bhfuil sé d'aidhm acu freagracht an ghnólachta as an measúnú oiriúnachta a theorannú. Mar shampla, agus faisnéis na gcliant á bailiú a theastaíonn chun measúnú oiriúnachta a dhéanamh (amhail a dtréimhse infheistíochta ionchasach nó a dtréimhse shealbhaíochta nó faisnéis a bhaineann lena lamháltas riosca), níor cheart do ghnólachtaí a mhaíomh nach ndéanann siad measúnú ar an oiriúnacht.
16. D'fhonn cabhrú le cliant tuiscint a fháil ar choincheap na “tosaíochtaí inbhuanaitheachta” a tugadh isteach faoi Airteagal 2(7) de Rialachán Tarmligthe MiFID II agus na roghanna atá le déanamh sa chomhthéacs sin, ba cheart do ghnólachtaí na téarmaí agus na hidirdhealuithe idir na gnéithe éagsúla den sainmhíniú ar thosaíochtaí inbhuanaitheachta a leagtar amach faoi phointe (a) go (c) d'Airteagal 2(7) agus freisin idir na táirgí sin agus na táirgí sin nach bhfuil gnéithe inbhuanaitheachta den sórt sin acu ar bhealach soiléir, ag seachaint teanga theicniúil. Ba cheart do ghnólachtaí míniú a thabhairt freisin ar na téarmaí agus ar na coincheapa a úsáidtear agus iad ag tagairt do gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais.
17. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a d'fhéadfadh a bheith i dtuiscint na gcliant ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí uathchomhairle, ba cheart do ghnólachtaí cliant a chur ar an eolas, chomh maith le faisnéis eile a theastaíonn, maidir leis na nithe seo a leanas:
 - míniú an-soiléir ar mhéid beacht na rannpháirtíochta daonna agus an féidir agus conas is féidir leis an gcliant iarraidh ar idirghníomhaíocht dhaonna;
 - míniú ina mbeidh tionchar díreach ag na freagraí a thugann cliant ar oiriúnacht na gcinntí infheistíochta a mholtar nó a dhéanfar thar a gceann a chinneadh;
 - cur síos ar na foinsí faisnéise a úsáidtear chun comhairle infheistíochta a ghiniúint nó chun an tseirbhís bhainistíochta punainne a sholáthar (e.g. má úsáidtear ceistneoir ar líne, ba cheart do ghnólachtaí a mhíniú go bhféadfadh gurb iad na freagraí ar an gceistneoir an t-aon bhunús leis an uathchomhairle nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil rochtain ag an ngnólacht ar fhaisnéis cliant nó ar chuntais eile);
 - míniú ar conas agus cathain a dhéanfar faisnéis an chliant a nuashonrú maidir lena chás, a chúinsí pearsanta, etc.
18. Ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an fhaisnéis agus tuairiscí uile a thugtar do chliant na forálacha ábhartha (lena n-áirítear na hoibleagáidí maidir le faisnéis a sholáthar i meán marthanach), ba cheart do ghnólachtaí a mheas go cúramach freisin an bhfuil a nochtuithe i scríbhinn deartha sa chaoi is gur cinn éifeachtacha iad (e.g. cuirtear na nochtuithe ar fáil ar bhonn díreach do chliant agus ní bhíonn siad faoi cheilt ná dothuigthe). I gcás gnólachtaí a chuireann uathchomhairle ar fáil d'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo go háirithe:

- Béim a leagan ar an bhfaisnéis ábhartha (e.g. trí úsáid a bhaint as gnéithe den dearadh amhail boscaí aníos);
- Smaoineamh ar cheart téacs idirghníomhach a bheith ag gabháil le roinnt faisnéise (e.g. trí úsáid a bhaint as gnéithe deartha amhail leideanna uirlisí) nó trí mhodhanna eile chun sonraí breise a sholáthar do chliant atá ag lorg tuilleadh faisnéise (e.g. trí rannán na gCeisteanna Coitianta).

I.II BÍODH AITHNE AGAT AR DO CHLIANT AGUS BÍODH CUR AMACH AGAT AR DO THÁIRGE

Na socruithe is gá chun cliant a thuiscint

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 16(2) agus Airteagal 25(2) de MiFID II agus Airteagal 54(2) go 54(5) agus Airteagal 55 de Rialachán Tarmligthe MiFID II.

Treoirlíne ghinearálta 2

19. Ní mór do ghnólachtaí beartais agus nósanna imeachta leordhóthanacha a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil (lena n-áirítear uirlisí iomchuí) chun cur ar a gcumas na fíorais agus na saintréithe riachtanacha faoina gcliant a thuiscint. Ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú go ndéanfar measúnú comhsheasmhach ar an bhfaisnéis a bhailítear faoina gcliant, beag beann ar na modhanna a úsáidtear chun an fhaisnéis sin a bhailiú.

Treoirlínte tacaíochta

20. Le beartais agus nósanna imeachta gnólachtaí, cuirfear ar a gcumas an fhaisnéis go léir is gá chun measúnú oiriúnachta a dhéanamh ar gach cliant a bhailiú agus a mheasúnú, agus na gnéithe a forbraíodh i dtreoir 3 á gcur san áireamh.
21. Mar shampla, d'fhéadfadh gnólachtaí úsáid a bhaint as ceistneoirí (i bhformáid dhigiteach freisin) arna líonadh isteach ag a gcliant nó as faisnéis arna bailiú le linn an phlé leo. Ba cheart do ghnólachtaí a chinntiú go bhfuil na ceisteanna a chuireann siad ar a gcliant sainiúil go leor, gur dócha go dtuigfear i gceart iad agus go bhfuil aon mhodh eile a úsáidtear chun faisnéis a bhailiú deartha chun an fhaisnéis a theastaíonn le haghaidh measúnú oiriúnachta a fháil.
22. Agus na ceistneoirí á ndearadh acu chun faisnéis a bhailiú faoina gcliant chun críche measúnú oiriúnachta a dhéanamh, ba cheart do ghnólachtaí a bheith ar an eolas faoi na cúiseanna is coitianta a d'fhéadfadh infheisteoirí gan ceistneoirí a fhreagairt i gceart agus na cúiseanna sin a bhreithniú. Go háirithe:
- Ba cheart aird a thabhairt ar shoiléireacht, ar uileghabhálacht agus ar shothuigtheacht an cheistneora, agus friotal a sheachaint atá míthreorach, a chothódh mearbhall, atá neamhbheacht nó atá rótheicniúil;

- Ba cheart an leagan amach a mhionsaothrú go cúramach agus ba cheart go seachnódh sé roghanna infheisteoirí a dhíriú (cló, spásáil línte...);
 - Ba cheart ceisteanna a chur i láthair i mbaisceanna (faisnéis a bhailiú ar shraith míreanna trí cheist amháin, go háirithe agus eolas agus taithí agus lamháltas riosca á measúnú);
 - Ba cheart do ghnólachtaí breithniú cúramach a dhéanamh ar an ord ina gcuirfidh siad ceisteanna chun faisnéis a bhailiú ar bhealach éifeachtach;
 - D'fhonn a áirithiú go mbaileofar an fhaisnéis riachtanach, níor cheart go mbeadh an fhéidearthacht gan freagra a thabhairt ar fáil i gceistneoirí (go háirithe agus faisnéis á bailiú faoi staid airgeadais an infheisteora).
23. Ba cheart do ghnólachtaí bearta réasúnta a ghlacadh freisin chun tuiscint an chliant ar riosca infheistíochta a mheasúnú mar aon leis an ngaol idir riosca agus toradh ar infheistíochtaí, toisc go bhfuil sé seo ríthábhachtach chun go bhféadfaidh gnólachtaí gníomhú i gcomhréir le leas an chliant agus an measúnú oiriúnachta á dhéanamh acu. Agus ceisteanna á gcur i láthair acu maidir leis sin, ba cheart do ghnólachtaí a mhíniú go soiléir agus go simplí gurb é an cuspóir atá leo a fhreagairt ná cabhrú le measúnú a dhéanamh ar dhearcadh na gcliant i leith riosca (próifíl riosca), agus dá bhrí sin na cineálacha ionstraimí airgeadais (agus na rioscaí a bhaineann leo) a bheadh oiriúnach dóibh.
24. I measc na faisnéise is gá chun measúnú oiriúnachta a dhéanamh, tá gnéithe éagsúla a bhféadfadh tionchar a bheith acu, mar shampla, ar an anailís ar staid airgeadais an chliant (lena n-áirítear a chumas caillteanais a iompar) nó ar chuspóirí infheistíochta (lena n-áirítear a lamháltas riosca). Is samplaí iad seo a leanas de ghnéithe den sórt sin a bhaineann leis an gcliant:
- stádas pósta (go háirithe cumas dlíthiúil an chliant gealltanais a thabhairt maidir le sócmhainní a d'fhéadfadh a bheith lena bpáirtí freisin);
 - staid an teaghlaigh (d'fhéadfadh tionchar a bheith ag athruithe ar chás teaghlaigh cliant ar a staid airgeadais e.g. leanbh nua nó leanbh atá d'aois tosú ar an ollscoil);
 - aois (rud atá tábhachtach den chuid is mó chun measúnú ceart ar na cuspóirí infheistíochta a áirithiú, agus go háirithe leibhéal an riosca airgeadais atá an t-infheisteoir toilteanach a ghlacadh, chomh maith leis an tréimhse shealbhaíochta nó leis an tréimhse infheistíochta ionchasach, a léiríonn go bhfuil sé toilteanach infheistíocht a shealbhú ar feadh tréimhse áirithe ama);
 - staid fostaíochta (d'fhéadfadh tionchar a bheith ag an leibhéal slándála poist nó ag an bhfíric go bhfuil an cliant gar do dhul ar scor ar a staid airgeadais nó ar a chuspóirí infheistíochta);

- an gá atá le leachtacht in infheistíochtaí ábhartha áirithe nó an gá le gealltanais airgeadais a mhaoiniú amach anseo (e.g. ceannach maoinne, táillí oideachais).
25. Agus an fhaisnéis atá riachtanach á cinneadh, ba cheart do ghnólachtaí meabhrú don tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an measúnú oiriúnachta ag aon athrú suntasach ar an bhfaisnéis sin.
26. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis ar thosaíochtaí inbhuanaitheachta an chliant na gnéithe go léir a luaitear sa sainmhíniú ar “thosaíochtaí inbhuanaitheachta” de réir Airteagal 2(7) de Rialachán Tarmiligthe MiFID II agus ba cheart go mbeadh sí sách gráinneach ionas go bhféadfaí tosaíochtaí inbhuanaitheachta an chliant a mheaitseáil leis na gnéithe inbhuanaitheachta de na hionstraimí airgeadais. Ba cheart do ghnólachtaí an fhaisnéis seo a leanas a bhailiú ó chliant:
- Cibé an bhfuil nó nach bhfuil aon rogha inbhuanaitheachta ag an gcliant (tá/níl).
 - Má thugann an cliant freagra “tá” ar an gceist roimhe seo, cibé an bhfuil nó nach bhfuil tosaíocht inbhuanaitheachta ag an gcliant maidir le ceann amháin nó níos mó de phointí (a), (b) nó (c) den sainmhíniú de réir Airteagal 2(7) de Rialachán Tarmiligthe MiFID II.
 - I gcás gnéithe (a) agus (b), an chomhréir íosta.
 - Maidir le gné (c), ar cheart príomhthionchair dhíobhálacha (PAI) a chur san áireamh lena n-áirítear critéir chainníochtúla nó cháilíochtúla lena dtaispeántar an breithniú sin.

Le linn an phróisis, ba cheart do ghnólachtaí cur chuige neodrach agus neamhchlaonta a ghlacadh ionas nach mbeidh tionchar acu ar fhreagraí na gcliant.

27. D'fhonn é sin a bhaint amach, d'fhéadfadh gnólachtaí an cur chuige seo a leanas a roghnú:
- D'fhéadfadh gnólachtaí faisnéis a bhailiú faoi thosaíochtaí inbhuanaitheachta an chliant a dhéanadh tagairt do cheann amháin nó níos mó de na gnéithe a chuirtear in iúl i bpointe (a) go pointe (c) d'Airteagal 2(7) de Rialachán Tarmiligthe MiFID II. D'fhéadfaí an ghné sin a mheasúnú trí cheisteanna iata tá/níl.
 - D'fhéadfadh gnólachtaí faisnéis a bhailiú freisin maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil béim ar fhachtóirí inbhuanaitheachta comhshaoil, sóisialta nó rialachais nó teaghlaim díobh i dtosaíochtaí inbhuanaitheachta an chliant maidir le pointí (b) agus (c), más ann dóibh nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil a leithéid d'fhócas ag an gcliant.
 - I gcás ina gcuireann an cliant tosaíochtaí in iúl i dtéarmaí na “coibhneasa íosta” mar a luaitear i bpointe (a) agus i bpointe (b), d'fhéadfadh gnólachtaí an fhaisnéis sin a bhailiú ní i dtéarmaí céatadán beacht ach de réir céatadán íosta. Ba cheart

na céatadáin seo a chur i láthair don chliant ar bhealach neodrach agus ba cheart go mbeadh siad sách gráinneach. D'fhéadfadh gnólachtaí, mar shampla, cuidiú leis an gcustaiméir an chomhréir íosta a shainathint tríd an íosmhéid a chomhfhogasú trí íosmhéideanna caighdeánaithe, i.e. mar “íosmhéid 20%, íosmhéid 25%, íosmhéid 30%, etc.”.

- I gcás inar mian leis an gcliant ionstraim airgeadais a chuireann san áireamh PAI, ba cheart go gcumhdódh an fhaisnéis a bhailítear na heilimintí cáilíochtúla nó cainníochtúla de PAI a luaitear faoi c). D'fhéadfadh gnólachtaí tosaíochtaí agus fonn an chliant maidir le comhtháthú PAI a thástáil maidir le teaghligh táscairí PAI ina n-iomláine, bunaithe ar fhócas féideartha an chliant ar ghnéithe comhshaoil, sóisialta nó rialachais, ag baint úsáide as na catagóirí a chuirtear i láthair in SFDR RTS9 (in ionad cur chuige bunaithe ar gach táscaire PAI) amhail astaíochtaí, feidhmíocht fuinnimh, uisce agus dramhaíl, etc.
-
- D'fhéadfaí meastóireacht a thionscnamh ansin do gach catagóir atá tábhachtach agus criticiúil don chliant nó nach bhfuil. D'fhéadfadh an mheastóireacht cháilíochtúil sin a bheith bunaithe ar na cineálacha cur chuige a mbíonn i gceist le táirgí ó thaobh PAI a chur san áireamh de (e.g., straitéisí eisiaimh/beartais chonspóidí/beartais vótála agus rannpháirtíochta).
- I gcás inar mian leis an gcliant ionstraim airgeadais a chuireann san áireamh PAI, d'fhéadfadh gnólachtaí fiafraí den chliant freisin an bhfuil gníomhaíochtaí eacnamaíochta sonracha ann ar mian leis, ar bhonn na PAInna ábhartha, a eisiaimh óna infheistíochtaí (mar shampla, gníomhaíochtaí eacnamaíochta sonracha a mheastar a bheith díobhálach go suntasach faoi chreat tacsanomaíochta an Aontais Eorpaigh agus/nó atá i gcoinne na dtuairimí comhshaoil agus eiticiúla atá ag an gcliant agus atá nasctha le príomhthionchair dhíobhálacha áirithe ar fhachtóirí inbhuanaitheachta).

28. Ba cheart go mbeadh beartais agus treoracha i bhfeidhm ag gnólachtaí dá bhfoireann atá dírithe ar chliant le haghaidh cásanna ina bhfreagraíonn cliant go bhfuil tosaíochtaí inbhuanaitheachta acu ach nach dtugann siad tosaíocht maidir le haon cheann de na gnéithe sonracha a luaitear faoi phointí (a) go (c) d'Airteagal 2(7) de Rialachán Tarmligthe MiFID II nó maidir le comhréir íosta. Mar shampla, d'fhéadfadh an gnólacht aon cheann de na gnéithe faoi phointí (a) go (c) d'Airteagal 2(7) de Rialachán Tarmligthe a bhreithniú. I gcás ina mbaineann gnólachtaí úsáid as an gcur chuige seo, ba cheart dóibh é a mhíniú agus an cliant a chur ar an eolas faoi ghnéithe inbhuanaitheachta an táirge nó na dtáirgí infheistíochta a mholtar nó a ndéanfaidh an gnólacht infheistíocht air thar ceann an chliant agus doiciméad a dhéanamh sa tuarascáil oiriúnachta¹⁰ ar rogha an chliant gan na roghanna inbhuanaitheachta a shonrú tuilleadh. Ba cheart do gnólachtaí a áirithiú go bhfuil socruithe comhchosúla i bhfeidhm nuair a sholáthraíonn gnólachtaí seirbhísí uathchomhairle i bhfianaise na hidirghníomhaíochta teoranta daonna.

⁹ RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/1288 ÓN gCOIMISIÚN

¹⁰ “Is éard is tuarascáil oiriúnachta inti an ‘ráiteas oiriúnachta’ dá dtagraítear in Airteagal 25 de MiFID II”.

29. Agus cur chuige punainne á chur ar fáil ag gnólachtaí maidir le bainistiú punainne nó comhairle infheistíochta, ba cheart do gnólachtaí faisnéis a bhailiú ar roghanna inbhuanaitheachta an chliant leis an ngráinneacht chéanna atá leagtha amach i míreanna 26 agus 27 thuas. Ba cheart do gnólachtaí fiafraí den chliant freisin cén chuid nó cén céatadán den phunann (más ann dó) ar mian leis an gcliant a infheistiú i dtáirgí a shásaíonn roghanna inbhuanaitheachta an chliant. I gcás ina n-oibríonn gnólachtaí le punanna samhlacha lena gcomhcheanglaítear cuid de na critéir nó na critéir go léir atá liostaithe faoi mhír 26 thuas, ba cheart go gceadófaí leis na punanna samhlacha sin measúnú gráinneach ar thosaíochtaí an chliant agus níor cheart ceistneoir a dhéanamh díobh a chuirfeadh iachall ar an gcliant cloí le teaghlaim áirithe de na critéir nach gcomhlíonadh tosaíochtaí inbhuanaitheachta an chliant.¹¹
30. Ba cheart do gnólachtaí gach beart réasúnta a ghlacadh chun measúnú leordhóthanach a dhéanamh ar an tuiscint atá ag a gcliant ar na príomhthréithe agus ar na rioscaí a bhaineann leis na cineálacha táirgí i dtairiscint an ghnólachta. Maidir le measúnú ceart a dhéanamh ar eolas agus ar thaithí an chliant, tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfeadh gnólachtaí sásraí ar bun chun féinmheasúnú a sheachaint agus chun comhsheasmhacht na bhfreagraí a sholáthraíonn an cliant¹² a chinntiú. Ba cheart faisnéis a bhailíonn gnólachtaí faoi eolas agus faoi thaithí an chliant a chur san áireamh ina hiomláine chun breithmheas iomlán a dhéanamh ar a thuiscint ar na táirgí agus ar na rioscaí a bhaineann leis na hidirbhearta molta nó maidir le bainistiú a phunainne.
31. Tá sé tábhachtach freisin go ndéanfadh gnólachtaí breithmheas ar thuiscint an chliant ar nótaí airgeadais bunúsacha amhail riosca infheistíochta (lena n-áirítear riosca comhchruinnithe) agus comhhabhtáil riosca agus toraidh. Chuige sin, ba cheart do gnólachtaí smaoineamh ar shamplaí tascacha, sothuigthe de na leibhéil chailiteanais agus aischuir a úsáid a d'fhéadfadh teacht chun cinn ag brath ar leibhéal an riosca a ghlactar agus ba cheart dóibh measúnú a dhéanamh ar fhreagra an chliant ar chásanna dá leithéid.
32. Ba chóir do gnólachtaí a gceistneoirí a dhearadh ionas go mbeidís ábalta an fhaisnéis riachtanach a bhailiú faoina gcliant. D'fhéadfadh sé sin a bheith ábhartha go háirithe do gnólachtaí a sholáthraíonn seirbhísí uathchomhairle i bhfianaise na hidirghníomhaíochta teoranta daonna. D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonann siad na ceanglais a bhaineann leis an measúnú sin, ba cheart do gnólachtaí fachtóirí amhail:
- Cibé an gceadaíonn nó nach gceadaíonn an fhaisnéis a bhailítear tríd an gceistneoir ar líne don ghnólacht a bhaint de thátal as go bhfuil an chomhairle a chuirtear ar fáil oiriúnach dá gcliant ar bhonn a gcuid eolais agus a gcuid taithí, a staid airgeadais agus a gcuspóirí agus a riachtanais infheistíochta;

¹¹ Ba chóir an mhír seo a léamh i dteannta le mír 87 de na treoirlínte.

¹² Féach treoirlíne 4.

- Cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ceisteanna sa cheistneoir sách soiléir agus/nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil an ceistneoir ceaptha chun soiléiriú breise nó samplaí a sholáthar do chliaint nuair is gá (e.g. trí leas a bhaint as gnéithe deartha, amhail leideanna uirlisí nó boscaí aníos);
- Cibé an bhfuil nó nach bhfuil roinnt idirghníomhaíochta nó tacaíochta ó dhaoine (lena n-áirítear cian-idirghníomhú ar an ríomhphost nó ar fhóin phóca) ar fáil do chliaint agus freagra á thabhairt acu ar an gceistneoir ar líne;
- Cibé an ndearnadh nó nach ndearnadh bearta chun aghaidh a thabhairt ar fhreagraí a bhfuil neamhréir eatarthu ó chliaint (amhail gnéithe den dearadh a chur san áireamh sa cheistneoir chun cliaint a chur ar an airdeall nuair a bhíonn an chuma ar a gcuid freagraí go bhfuil neamhréir eatarthu agus chun moladh dóibh athmhachnamh a dhéanamh ar na freagraí sin; nó córais a chur chun feidhme chun aird a dhíriú go huathoibríoch ar fhaisnéis arna soláthar ag cliaint a bhfuil an chuma uirthi gur faisnéis neamhréireach í ionas go bhféadfaí an gnólacht athbhreithniú a dhéanamh uirthi nó beart leantach a dhéanamh ina leith).

Méid na faisnéise atá le bailiú ó chliaint (comhréireacht)

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 25(2) de MiFID II, agus Airteagail 54(2) go 54(5) agus Airteagal 55 de Rialachán Tarmiligthe MiFID II.

Treoirlíne ghinearálta 3

33. Sula gcuirtear comhairle infheistíochta nó seirbhísí bainistíochta punainne ar fáil, ní mór do ghnólachtaí an ‘fhaisnéis riachtanach’ ar fad a bhailiú¹³ maidir le heolas agus taithí, staid airgeadais agus cuspóirí infheistíochta an chliaint. D’fhéadfadh méid na faisnéise ‘riachtanaí’ a bheith éagsúil agus ní mór gnéithe na comhairle infheistíochta nó na seirbhísí bainistíochta punainne atá le soláthar a chur san áireamh, chomh maith le cineál agus saintréithe na dtáirgí infheistíochta atá le breithniú agus saintréithe na gcliant.

Treoirlínte tacaíochta

34. Agus an fhaisnéis atá ‘riachtanach’ á chinneadh, ba cheart do ghnólachtaí machnamh a dhéanamh, maidir le heolas agus taithí, staid airgeadais agus cuspóirí infheistíochta an chliaint, ar an méid seo a leanas:
- an cineál ionstraime airgeadais nó idirbhirt airgeadais a fhéadfaidh an gnólacht a mholadh nó a dhéanamh (lena n-áirítear castacht agus leibhéal an riosca);
 - cineál agus réim na seirbhíse a fhéadfaidh an gnólacht a sholáthar;

¹³ Ba cheart go dtuigfí gurb é is brí le “faisnéis riachtanach” an fhaisnéis nach mór do ghnólachtaí a bhailiú chun na ceanglais oiriúnachta faoi MiFID II a chomhlíonadh.

- riachtanais agus imthosca an chliant;
 - an cineál cliant;
35. Cé go bhféadfadh éagsúlacht a bheith ag baint le méid na faisnéise atá le bailiú, is mar a chéile i gcónaí a fhanfaidh an caighdeán chun a chinntiú go bhfuil moladh nó infheistíocht a dhéantar thar ceann an chliant oiriúnach don chliant. Le MiFID ligtear do ghnólachtaí an leibhéal faisnéise a bhailiú atá comhréireach leis na táirgí agus leis na seirbhísí a thairgeann siad, nó a n-iarrann an cliant sainchomhairle infheistíochta nó seirbhísí bainistithe punainne ina leith. Ní cheadaíonn sé do ghnólachtaí an leibhéal cosanta atá dlite do chliant a íslíú.
36. Mar shampla, agus rochtain ar ionstraimí airgeadais casta¹⁴ nó contúirteacha¹⁵ á soláthar, ba cheart do ghnólachtaí a mheas go cúramach an gá dóibh faisnéis níos doimhne a bhailiú faoin gcliant ná mar a bhaileoidís i gcás ionstraimí nach bhfuil chomh casta nó ionstraimí a mbeadh riosca ní ba lú leo i gceist. Déantar é sin ionas gur féidir le gnólachtaí measúnú a dhéanamh ar chumas an chliant na rioscaí a bhaineann le hionstraimí den sórt sin a thuiscint agus a sheasamh ó thaobh airgeadais de.¹⁶ I gcás táirgí casta den sórt sin tá ESMA ag súil go ndéanfaidh gnólachtaí measúnú láidir i measc daoine eile ar eolas agus ar thaithí an chliant, lena n-áirítear, mar shampla, a chumas tuiscint a fháil ar na sásraí a fhágann go bhfuil an táirge infheistíochta “casta”, cibé acu an bhfuil trádáil déanta cheana féin ag an gcliant i dtáirgí den sórt sin (mar shampla, díorthaigh nó táirgí gearála), an méid ama a bhí siad á dtrádáil aige/aici, etc.
37. Le haghaidh ionstraimí airgeadais neamhleachtacha¹⁷, áireofar leis an ‘bhfaisnéis riachtanach’ a bheidh le bailiú faisnéis maidir leis an bhfad ama a bhfuil an cliant sásta an infheistíocht a shealbhú. D’fhéadfadh méid na faisnéise atá le bailiú a bheith ag brath ar an gcineál ionstraimí airgeadais atá le moladh nó le cur isteach orthu toisc go mbeidh gá i gcónaí le faisnéis faoi staid airgeadais an chliant a bhailiú. Mar shampla, maidir le hionstraimí airgeadais neamhleachtacha nó contúirteacha, féadfar na gnéithe go léir seo a leanas a áireamh san ‘fhaisnéis riachtanach’ de réir mar is gá chun a áirithiú cibé an gceadaíonn nó nach gceadaíonn staid airgeadais an chliant dó infheistíocht a dhéanamh in ionstraimí den sórt sin nó infheistíocht a bheith aige/aici:
- méid ioncam rialta agus ioncam iomlán an chliant, cibé acu a thuilltear an t-ioncam ar bhonn buan nó sealadach, agus foinse an ioncaim sin (mar shampla, ó fhostaíocht, ioncam scoir, ioncam infheistíochta, torthaí cíosa, etc.);

¹⁴ Mar a sainmhínítear i MiFID II agus na critéir a shainnithnítear i dtreoir 7 á gcur san áireamh.

¹⁵ Tá sé faoi gach gnólacht a shainiú *a priori* leibhéal riosca na n-ionstraimí airgeadais atá ar áireamh ina thairiscint d’infheisteoirí, ag cur san áireamh, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, treoirilínte féideartha arna n-eisiúint ag údarás inniúla a dhéanann maoirseacht ar an ngnólacht.

¹⁶ I gcás ar bith, chun a áirithiú go dtuigeann na cliant an riosca infheistíochta agus na cailteanais ionchasacha a d’fhéadfadh a bheith orthu, ba cheart don ghnólacht, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a chur i láthair ar bhealach soiléir agus sothuigthe, agus d’fhéadfaí úsáid a bhaint as samplaí léiriúcháin de mhéid na gcaillteanas i gcás infheistíochta atá ag feidhmiú go dona.

¹⁷ Tá sé faoi gach gnólacht a shainiú *a priori* cé acu de na hionstraimí airgeadais a áirítear ina thairiscint d’infheisteoirí a mheasann sé a bheith neamhleachtach, ag cur san áireamh, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, treoirilínte féideartha arna n-eisiúint ag údarás inniúla a dhéanann maoirsiú ar an ngnólacht.

- sócmhainní an chliant, lena n-áirítear sócmhainní leachtacha, infheistíochtaí agus maoin réadúil, lena n-áireofaí cad iad na hinfeistíochtaí airgeadais, maoin phearsanta agus infheistíochta, cistí pinsin agus aon taisce airgid, etc a d'fhéadfadh a bheith ag an gcliant. Ba cheart don ghnólacht, i gcás inarb ábhartha, faisnéis a bhailiú freisin faoi choinníollacha, faoi théarmaí, faoi rochtain, faoi iasachtaí, faoi ráthaíochtaí agus faoi shrianta eile, más infheidhme, ar na sócmhainní thuas a d'fhéadfadh a bheith ann.
 - gealltanais airgeadais rialta an chliant, lena n-áireofaí na gealltanais airgeadais atá déanta ag an gcliant nó atá beartaithe a dhéanamh (dochair an chliant, méid iomlán an fhéichiúnais agus gealltanais thréimhsiúla eile, etc.).
38. Agus an fhaisnéis atá le bailiú á cinneadh, ba cheart do ghnólachtaí cineál na seirbhíse atá le soláthar a chur san áireamh freisin. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin:
- nuair atá comhairle infheistíochta le cur ar fáil, ba cheart do ghnólachtaí faisnéis leordhóthanach a bhailiú ionas go mbeidís in ann measúnú a dhéanamh ar chumas an chliant tuiscint a fháil ar na rioscaí agus ar nádúr gach ceann de na hionstraimí airgeadais a bheartaíonn an gnólacht iad a mholadh don chliant sin;
 - nuair atá bainistíocht punainne le cur ar fáil, ós rud é go bhfuil cinní infheistíochta le déanamh ag an ghnólacht thar ceann an chliant, féadfaidh níos lú sonraí bheith sa leibhéal eolais agus taithí a theastaíonn ón gcliant maidir leis na hionstraimí airgeadais go léir a d'fhéadfadh a bheith mar chuid den phunann, ar shonraí iad atá níos lú ná an leibhéal ar cheart a bheith ag an gcliant nuair atá seirbhís comhairle infheistíochta le cur ar fáil. Mar sin féin, fiú i gcásanna den sórt sin, ba cheart go dtuigfeadh an cliant ar a laghad rioscaí foriomlána na punainne agus go mbeadh tuiscint ghinearálta aige ar na rioscaí a bhaineann le gach cineál ionstraimé airgeadais is féidir a áireamh sa phunann. Ba cheart go bhfaigheadh gnólachtaí tuiscint agus eolas an-soiléir ar phróifíl infheistíochta an chliant.
39. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag méid na seirbhíse a iarrann an cliant í ar leibhéal na faisnéise a bhailítear faoin gcliant. Mar shampla, ba cheart do ghnólachtaí tuilleadh faisnéise a bhailiú faoi chliant atá ag lorg comhairle infheistíochta a chlúdaíonn a bpunann airgeadais iomlán ná mar a iarrann cliant ar chomhairle shonrach maidir le conas méid áirithe airgid a infheistiú ar cuid réasúnta beag dá bpunann iomlán é.
40. Ba cheart do ghnólachtaí cineál an chliant a chur san áireamh freisin agus an fhaisnéis atá le bailiú á chinneadh acu. Mar shampla, ba ghá go hiondúil faisnéis ní ba dhoimhne a bhailiú do chliant a d'fhéadfadh a bheith leochaileach (cosúil le cliant níos sine) nó do dhaoine gan taithí ag lorg comhairle infheistíochta nó seirbhísí bainistíochta punainne den chéad uair. I gcás ina soláthraíonn gnólacht comhairle infheistíochta nó seirbhísí bainistíochta punainne do chliant gairmiúil (a rangáidh i gceart mar chliant den sórt sin), is féidir glacadh leis go bhfuil an leibhéal riachtanach taithí agus eolais ag an gcliant, agus dá bhrí sin nach bhfuil sé de cheangal air faisnéis a fháil faoi na gnéithe sin.

41. Mar an gcéanna, nuair is éard atá sa tseirbhís infheistíochta comhairle infheistíochta a sholáthar do 'chliant gairmiúil *per se*'¹⁸ is féidir leis an ngnólacht glacadh leis go mbíonn an cliant in ann aon rioscaí infheistíochta gaolmhara a iompar ar bhonn airgeadais a bheadh comhsheasmhach le cuspóirí infheistíochta an chliant sin agus dá bhrí sin ní cheanglaítear air go ginearálta faisnéis a bhailiú faoi staid airgeadais an chliant. Ba cheart faisnéis den sórt sin a bhailiú, áfach, i gcás ina n-éilíonn cuspóirí infheistíochta an chliant amhlaidh. Mar shampla, i gcás ina bhfuil an cliant ag iarraidh riosca a fháil, ní mór faisnéis mhionsonraithe a bheith ag an ngnólacht maidir leis an riosca sin chun bheith in ann ionstraim fálaithe éifeachtach a mholadh.
42. Braithfidh an fhaisnéis atá le bailiú ar riachtanais agus ar chúinsí an chliant freisin. Mar shampla, is dócha go mbeidh faisnéis níos mionsonraithe ag teastáil ó ghnólacht maidir le staid airgeadais an chliant i gcás ina bhfuil cuspóirí infheistíochta an chliant iolrach agus/nó fadtéarmach, ná mar a bhíonn nuair a bhíonn infheistíocht shlán ghearrtéarmach á lorg ag an gcliant.¹⁹
43. Áirítear ar fhaisnéis faoi staid airgeadais an chliant faisnéis maidir lena infheistíochtaí. Tugtar le tuiscint leis sin go bhfuiltear ag súil go mbeidh faisnéis ag gnólachtaí faoi infheistíochtaí airgeadais an chliant leis an ngnólacht ar bhonn ionstraim ar ionstraim. Ag brath ar raon feidhme na comhairle a chuirtear ar fáil, ba cheart do ghnólachtaí cliant a spreagadh freisin chun sonraí a nochtadh maidir le hinfeistíochtaí airgeadais atá acu le gnólachtaí eile, ar bhonn ionstraim ar ionstraim, más féidir.

Iontaofacht na faisnéise cliant

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 25(2) de MiFID II agus Airteagail 54(7), an chéad fhomhír den Rialachán Tarmligthe.

Treoirlíne ghinearálta 4

44. Ba cheart do ghnólachtaí bearta réasúnta a dhéanamh agus ba cheart uirlisí iomchuí a bheith acu lena áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a bhaileofar faoina gcliant iontaofa agus comhsheasmhach, gan bheith ag brath go míchuí ar fhéinmheasúnú a dhéanfaidh cliant.

Treoirlínte tacaíochta

45. Táthar ag súil go soláthróidh cliant an fhaisnéis cheart, cothrom le dáta agus iomlán atá riachtanach don mheasúnú oiriúnachta. Mar sin féin, ní mór do ghnólachtaí bearta réasúnta a ghlacadh chun iontaofacht, cruinneas agus comhsheasmhacht na faisnéise a bhailítear faoi chliant a sheiceáil²⁰. Tá gnólachtaí fós freagrach as a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis riachtanach acu chun measúnú oiriúnachta a dhéanamh. I ndáil leis sin, ní mheasfar go gcomhlíontar ceanglais ábhartha sa MiFID II agus sa Rialachán Tarmligthe

¹⁸ Mar atá leagtha amach i Roinn I d'Iarscríbhinn II de MiFID II ('Catagóirí cliant a mheastar a bheith ina ngairmithe').

¹⁹ D'fhéadfadh cásanna a bheith ann nach bhfuil an cliant sásta a staid airgeadais iomlán a nochtadh. Le haghaidh na ceiste áirithe sin féach Ceisteanna agus Freagraí ar ábhair cosanta infheisteoirí MiFID II (ESMA35-43-349)

²⁰ Agus iad ag déileáil le cliant ghairmiúla, ba cheart do ghnólachtaí prionsabail na comhréireachta dá dtagraítear i dtreoirlíne 3 a chur san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 54(3) de Rialachán Tarmligthe MiFID II.

gaolmhar le haon chomhaontú arna shíniú ag an gcliant, nó aon nochtadh arna dhéanamh ag an ngnólacht, a mbeadh sé d'aidhm aige freagracht an ghnólachta a theorannú maidir leis an measúnú oiriúnachta.

46. Ba cheart féinmheasúnú a fhrithchothromú le critéir oibiachtúla. Mar shampla:

- seachas a fhiafraí de chliant an dtuigeann coincheapa na comhbhabhtála riosca agus toraidh agus an éagsúlaithe riosca, ba cheart don ghnólacht roinnt samplaí praiticiúla a chur faoi bhráid na gcliant faoi chásanna a d'fhéadfadh tarlú go réalaíoch, mar shampla trí bhíthin graf nó trí chásanna dearfacha agus diúltacha atá bunaithe ar thiomhdí réasúnta a chur i láthair dóibh;
- seachas a fhiafraí de chliant cibé an bhfuil nó nach bhfuil dóthain eolais aige faoi na príomhthréithe agus faoi na príomhrioscaí a bhaineann le cineálacha sonracha táirgí infheistíochta, ba cheart don ghnólacht, mar shampla, ceisteanna a chur atá dírithe ar mheasúnú a dhéanamh ar an eolas atá ag an gcliant i ndáiríre ar na cineálacha sonracha táirgí infheistíochta, mar shampla trí cheisteanna ilroghnacha a chur ar an gcliant ar cheart don chliant an freagra ceart orthu a sholáthar;
- seachas a fhiafraí de chliant an mbraitheann sé go bhfuil taithí leordhóthanach aige chun infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí áirithe, ba cheart don ghnólacht a fhiafraí den chliant cé na cineálacha sonracha táirgí a bhfuil an cliant eolach orthu agus cén uair is déanaí ar thrádáil sé iad agus cé chomh minic is a bhíonn sé á dtrádáil.
- seachas a fhiafraí de chliant cibé an gcreideann nó nach gcreideann siad go bhfuil cistí leordhóthanacha acu le hinfheistiú, ba cheart don ghnólacht iarraidh ar chliant faisnéis fhíorasach a sholáthar faoina staid airgeadais, e.g. foinse rialta ioncaim agus cibé an bhfuil dliteanais gan íoc ann (amhail iasachtaí bainc nó fiacha eile a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar mheasúnú ar chumas an chliant aon riosca nó aon chaillteanas a bhaineann leis an infheistíocht a iompar);
- seachas a fhiafraí de chliant cibé an mothaíonn nó nach mothaíonn sé compordach le riosca a ghlacadh, ba cheart don ghnólacht an leibhéal caillteanais thar thréimhse áirithe ama a mbeadh an cliant sásta glacadh leis a fhiosrú, ar infheistíocht aonair nó ar phunann iomlán.

47. Agus eolas agus taithí an chliant á mheas, ba cheart do ghnólacht ceisteanna ró-leathana tá/níl agus cur chuige féinmheasúnaithe an-leathan de thic sa bhosca a sheachaint (mar shampla, ba cheart go seachnódh gnólachtaí liosta de tháirgí infheistíochta a chur ar fáil don chliant agus iarraidh air a léiriú cé na táirgí a bhfuil taithí aige ar bheith ag plé leo). I gcás ina ndéanfaidh gnólachtaí freagraí a a líonadh isteach roimh ré ar bhonn cúlra idirbheart an chliant leis an ngnólacht sin (e.g. trí sheirbhís infheistíochta eile), ba cheart dóibh a áirithiú nach n-úsáidfear ach faisnéis atá lánoibiachtúil, lánábhartha agus lániontaofa agus go dtabharfar an deis don chliant athbhreithniú a dhéanamh ar gach ceann de na freagraí a líonadh isteach roimh ré agus, más gá, iad a cheartú agus/nó a thabhairt chun críche chun cruinneas aon fhaisnéise

arna líonadh isteach roimh ré a áirithiú. Ba cheart do ghnólachtaí gan taithí na gcliant a thuar bunaithe ar thiomhdí.

48. Agus lamháltas riosca a gcliant á measúnú trí cheistneoir, ní hamháin gur cheart do ghnólachtaí imscrúdú a dhéanamh ar shaintréithe inmhianaithe riosca agus toraidh d'infheistíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ach ba cheart dóibh dearcadh an chliant i leith riosca a chur san áireamh freisin. Chuige sin, cé gur cheart féinmheasúnú maidir le lamháltas riosca a sheachaint, d'fhéadfaí ceisteanna sainráite a chur ar chliant maidir lena roghanna pearsanta i gcás neamhchinnteacht i leith riosca. Ina theannta sin, d'fhéadfadh gnólachtaí, mar shampla, úsáid a bhaint as graif, as céatadáin shonracha nó as figiúirí nithiúla agus iad ag fiafraí den chliant cad é mar a ghníomhódh sé dá laghdódh luach a phunainne.
49. I gcás ina mbraithfidh gnólachtaí ar uirlisí atá le húsáid ag cliant mar chuid den phróiseas oiriúnachta (amhail ceistneoirí ar líne nó bogearraí próifílithe riosca) ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil córais agus rialuithe iomchuí acu lena áirithiú go mbeidh na huirlisí oiriúnach don fheidhm agus go mbeidh torthaí sásúla leo. Mar shampla, d'fhéadfadh roinnt rialuithe ar chomhleanúnachas na bhfreagraí a sholáthraíonn cliant iad a áireamh i mbogearraí próifílithe riosca chun contrárthachtaí idir míreanna éagsúla faisnéise a bhailítear a thabhairt chun suntais.
50. Ba cheart do ghnólachtaí bearta réasúnta a ghlacadh freisin chun na rioscaí féideartha a bhaineann le húsáid uirlisí den sórt sin a mhaolú. Mar shampla, d'fhéadfadh rioscaí féideartha teacht chun cinn dá spreagfaí cliant chun freagraí áirithe a sholáthar d'fhonn rochtain a fháil ar ionstraimí airgeadais nach mbeadh oiriúnach dóibh (cuir i gcás gan fíorchúinsí ná fíor-riachtanais na gcliant a léiriú i gceart).²¹
51. D'fhonn comhsheasmhacht na faisnéise cliant a áirithiú, ba cheart do ghnólachtaí féachaint ar an bhfaisnéis a bhailítear ina hiomláine. Ba cheart do ghnólachtaí a bheith ar an airdeall maidir le haon chontrárthacht ábhartha idir míreanna éagsúla faisnéise arna mballiú agus dul i dteagmháil leis an gcliant chun aon neamhréireacht nó aon mhíchruinneas ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ann a réiteach. Samplaí de na contrárthachtaí sin is ea cliant nach bhfuil mórán eolais ná taithí acu agus a bhfuil dearcadh ionsaitheach acu i leith riosca, nó a bhfuil próifíl riosca stuama nó cuspóirí infheistíochta uailmhianacha acu.
52. Ba cheart do ghnólachtaí sásraí a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an riosca go mbeadh claonadh ag cliant rómheastachán a dhéanamh ar a gcuid eolais agus a gcuid taithí, mar shampla trí cheisteanna a chur a áireamh ann a chuideodh le gnólachtaí measúnú a dhéanamh ar thuiscint iomlán na gcliant ar shaintréithe agus ar rioscaí na gcineálacha éagsúla ionstraimí airgeadais. D'fhéadfadh bearta den sórt sin a bheith tábhachtach go háirithe i gcás róchomhairle, ós rud é go bhféadfadh riosca de rómheastachán ó chliant a bheith níos airde nuair a sholáthraíonn siad faisnéis trí chóras uathoibríthe (nó leath-uathoibríthe), go háirithe i gcásanna ina dtuairtar go bhfuil an

²¹ Maidir leis sin, féach freisin mír 54 de Threoirlíne 5 ina dtugtar aghaidh ar an mbaol go n-athródh gnólachtaí tionchar ar chliant freagraí ar sholáthair siad roimhe sin iad, gan aon mhodhnú réalaíoch ar a gcás a bheith ann.



idirghníomhaíocht dhaonna an-teoranta nó i gcásanna nach ann di idir cliaint agus fostaithe an ghnólachta.

Faisnéis cliaint á nuashonrú

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 25(2) de MiFID II, fomhír 2 d'Airteagal 54(7), agus Airteagal 55(3) de Rialachán Tarmligthe MiFID II

Treoirlíne ghinearálta 5

53. I gcás ina bhfuil caidreamh leanúnach ag gnólacht leis an gcliant (amhail trí chomhairle leanúnach nó trí sheirbhísí bainistíochta punainne a sholáthar), ionas go mbeidh sé ábalta an measúnú oiriúnachta a dhéanamh, ba cheart dó nósanna imeachta a ghlacadh lena sainítear:
- (a) cén chuid den fhaisnéis cliaint a bhailítear ar cheart í a thabhairt cothrom le dáta agus cé chomh minic ar chóir é sin a dhéanamh;
 - (b) conas is ceart an nuashonrú a dhéanamh agus cén beart ar cheart don ghnólacht a dhéanamh nuair a fhaightear faisnéis bhreise nó nuashonraithe nó nuair a theipeann ar an gcliant an fhaisnéis arna hiarraidh a sholáthar.

Treoirlínte tacaíochta

54. Ba cheart do ghnólachtaí athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fhaisnéis cliaint lena chinntiú nach mbíonn sé as dáta, míchruinn ná neamhiomlán. Chuige sin, ba cheart do ghnólachtaí nósanna imeachta a chur chun feidhme chun cliaint a spreagadh chun an fhaisnéis a soláthraíodh i dtosach a thabhairt cothrom le dáta i gcás ina dtarlaíonn athruithe suntasacha.
55. D'fhéadfadh minicíocht an nuashonraithe a bheith éagsúil ag brath, mar shampla, ar phróifílí riosca na gcliant agus an cineál ionstraim airgeadais a mholtar á chur san áireamh. Bunaithe ar an bhfaisnéis a bhailítear maidir le cliant faoi na ceanglais oiriúnachta, cinnfidh gnólacht próifíl riosca infheistíochta an chliant, i.e. cén cineál seirbhísí infheistíochta nó ionstraimí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach dó go ginearálta agus a chuid eolais agus taithí, a staid airgeadais (lena n-áirítear a chumas cailleanais a iompar) agus a chuspóirí infheistíochta (lena n-áirítear a lamháltas riosca) á gcur san áireamh. Mar shampla, tá próifíl riosca a thugann rochtain don chliant ar raon níos leithne de tháirgí níos contúirtí ina gné ar dócha go mbeadh gá lena nuashonrú níos minice. D'fhéadfadh imeachtaí áirithe próiseas nuashonraithe a spreagadh freisin – cuir i gcás cliaint a bhaineann aois scoir amach.
56. D'fhéadfaí an nuashonrú a dhéanamh, mar shampla, le linn cruinnithe tréimhsiúla le cliant nó trí cheistneoir nuashonraithe a sheoladh chucu. D'fhéadfaí go n-áireofaí ar na gníomhaíochtaí ábhartha athrú a dhéanamh ar phróifíl an chliant ar bhonn na faisnéise cothrom le dáta arna bailiú.
57. Maidir le roghanna inbhuanaitheachta cliant, ba cheart an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta – i gcás caidrimh leanúnacha – ar a dhéanaí tríd an gcéad nuashonrú rialta eile ar fhaisnéis cliant tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe 2021/1253

ón gCoimisiún. Ba cheart an deis a thabhairt do chliant a bpróifíl a nuashonrú láithreach más mian leo. I gcás nach n-iarrann an cliant a phróifíl a nuashonrú láithreach, agus le linn na tréimhse sular chuir an gnólacht an fhaisnéis maidir le roghanna inbhuanaitheachta an chliant ar fáil, measfar an cliant a bheith “neodrach ó thaobh inbhuanaitheachta de” agus dá bhrí sin, i gcomhréir le mír 85, d’fhéadfaí táirgí ag a bhfuil gnéithe a bhaineann agus nach mbaineann le hinbhuanaitheacht araon a mholadh don chliant”.

58. Tá sé tábhachtach freisin go nglacfaidh gnólachtaí bearta chun an riosca a mhaolú go spreagfaí an cliant a phróifíl féin a nuashonrú chun cuma a chur ar an scéal go bhfuil táirge infheistíochta áirithe oiriúnach, a bheadh mí-oiriúnach dó murach sin, gan fóir-mhodhnú a bheith ann ar chás an chliant²². Sampla de dheachleachtas chun aghaidh a thabhairt ar an gcineál sin riosca ná nósanna imeachta arna nglacadh ag an gnólacht lena fhíorú, sula ndéantar idirbhearta nó ina ndiaidh, ar tugadh próifíl an chliant cothrom le dáta rómhinic nó tar éis gan ach tréimhse ghearr ón modhnú deireanach (go háirithe má tharla an t-athrú sin sna laethanta díreach roimh an infheistíocht mholta). Dá bhrí sin, dhéanfaí na cásanna sin a chur ar aghaidh chuig an bhfeidhm rialaithe ábhartha nó a thuairisciú di. Tá tábhacht ar leith ag baint leis na beartais agus na nósanna imeachta seo i gcásanna ina bhfuil baol níos airde ann go bhféadfadh leas an ghnólachta teacht salach ar leasanna a chuid cliant, e.g. i gcásanna féin-socrúcháin nó nuair a fhaigheann an gnólacht dreasachtaí chun táirge a dháileadh. Fachtóir ábhartha eile atá le breithniú sa chomhthéacs seo freisin is ea an cineál idirghníomhaíochta a tharlaíonn leis an gcliant (e.g., aghaidh ar aghaidh nó trí mheasúnú uathoibríthe) ²³.
59. Ba cheart do ghnólachtaí an cliant a chur ar an eolas nuair a bhíonn athrú ar a phróifíl mar thoradh ar an bhfaisnéis bhreise a chuirtear ar fáil, cibé an éiríonn sé níos contúirtí (agus dá bhrí sin, d’fhéadfaí go mbeadh raon níos leithne de tháirgí níos contúirtí agus níos casta oiriúnach dó, leis an bhféidearthacht go dtabhófaí cailleanas ní b’airde) nó, *vice-versa*, níos coimeádaí (agus dá bhrí sin, d’fhéadfadh raon táirgí ní ba shrianta a bheith oiriúnach dó dá bharr).

Faisnéis cliant i gcás eintitis dhlíthiúla nó grúpaí

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 25(2) de MiFID II agus Airteagal 54(6) de Rialachán Tarmligthe MiFID II

Treoirlíne ghinearálta 6

60. Ní mór beartas a bheith ag gnólachtaí lena saineofar conas an measúnú oiriúnachta a dhéanamh ar bhonn *ex-ante* i gcásanna inar duine dlítheanach é cliant nó inar grúpa de bheirt daoine nádúrtha nó níos mó atá i gceist nó i gcás ina ndéanann duine nádúrtha eile ionadaíocht ar dhuine nádúrtha amháin nó níos mó. I gcás gach ceann de na cásanna sin ba cheart go sonrúfaí sa bheartas, an nós imeachta agus na critéir ar cheart

²² Is ábhartha freisin sa chomhthéacs seo bearta arna nglacadh chun iontaofacht fhaisnéis na gcliant a áirithiú mar a shonraítear faoi threoirlíne 4, mír 44.

²³ Maidir leis sin, féach freisin na soiléirithe ar chuir ESMA ar fáil iad cheana féin sna Ceisteanna & Freagraí ar ábhair MiFID II maidir le cosaint infheisteoirí (Tag: ESMA35-43-349 – Ceist ar ‘Idirbhearta ar tháirgí mí-oiriúnacha’).

a leanúint chun ceanglais oiriúnachta MiFID II a chomhlíonadh. Ba cheart don ghnólacht a chur ar an eolas go soiléir agus ar bhonn *ex-ante* do na cliaint sin dá chuid ar eintitis dlíthiúla, grúpaí daoine nó daoine nádúrtha iad a ndéanann duine nádúrtha eile ionadaíocht dóibh maidir le cé ba cheart a bheith faoi réir an mheasúnaithe oiriúnachta, conas a dhéanfar an measúnú oiriúnachta go praiticiúil agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar na cliaint ábhartha de réir an bheartais reatha.

Treoirlínte tacaíochta

61. Ba cheart do ghnólachtaí a mheas an bhforáiltear nó nach bhforáiltear sa chreat dlí náisiúnta is infheidhme tásca sonracha ar cheart a chur san áireamh chun an measúnú oiriúnachta a dhéanamh (cuir i gcás nuair a cheanglaítear leis an dlí ionadaí dlíthiúil a cheapadh, e.g. thar ceann daoine faoi aois nó faoi éagumas nó thar ceann duine dlítheanach).
62. Ba cheart idirdhealú soiléir a dhéanamh le beartas den sórt sin idir cásanna ina dtuairt go mbeidh baint ag ionadaí leo faoin dlí náisiúnta is infheidhme, i gcás daoine dlítheanacha agus i gcás nach bhforáiltear go mbeidh baint ag ionadaí leis, agus ba cheart é a bheith dírithe ar an gcás deireanach sin. I gcás ina bhforáiltear comhaontuithe idir cliaint sa bheartas, ba cheart iad a chur ar an eolas go soiléir i scríbhinn faoi na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag comhaontuithe den sórt sin maidir lena leasanna faoi seach a chosaint. Ba cheart na bearta a ghlacfaidh an gnólacht iad i gcomhréir lena bheartas a dhoiciméadú go hiomchuí chun rialuithe *ex-post* a chumasú.

Cásanna ina ndéantar foráil d'ionadaí faoin dlí náisiúnta is infheidhme iontu

63. Sainmhínítear i bhfomhír 2 d'Airteagal 54(6) de Rialachán Tarmiligthe MiFID II an chaoi ar cheart an measúnú oiriúnachta a dhéanamh maidir le cásanna ina bhfuil an duine nádúrtha ina chliant, a ndéanann duine nádúrtha eile ionadaíocht air nó inar duine dlítheanach é ar mhaith leis go gcaithfí leis mar chliant gairmiúil. Is cosúil go bhfuil sé réasúnta go bhféadfadh feidhm a bheith ag an gcur chuige céanna maidir le gach duine dlítheanach, beag beann ar ar iarr siad go gcaithfí leo mar chliant ghairmiúla nó gan é.
64. Ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú go n-ionchorpraítear ina nósanna imeachta an t-alt sin go leordhóthanach ina n-eagraíocht, rud a thabharfadh le tuiscint i measc nithe eile go ndeimhneoidís go bhfuil an t-ionadaí – de réir an dlí náisiúnta ábhartha – údaraithe chun idirbhearta a dhéanamh thar ceann an bhunchliant.

Cásanna nach ndéantar foráil d'ionadaí faoin dlí náisiúnta is infheidhme iontu

65. I gcás inar grúpa de bheirt nó níos mó daoine nádúrtha an cliant agus nach ndéantar foráil d'aon ionadaí faoin dlí náisiúnta is infheidhme iontu, ba cheart go n-aithneodh beartas an ghnólachta cé uaidh a bhaileofar an fhaisnéis riachtanach agus conas a dhéanfar an measúnú oiriúnachta. Ba cheart go gcuirfí cliaint ar an eolas mar ba chóir faoi chur chuige an ghnólachta (mar a chinntear i mbeartas an ghnólachta) agus faoi thionchar an chur chuige sin ar an mbealach a dhéantar an measúnú oiriúnachta go praiticiúil.

66. D'fhéadfadh gnólachtaí cur chuige mar seo a leanas a mheas:
- (a) d'fhéadfaidís cuireadh a thabhairt don ghrúpa de bheirt daoine nádúrtha nó níos mó ionadaí a cheapadh; nó,
 - (b) d'fhéadfaidís smaoineamh ar fhaisnéis a bhailiú faoi gach cliant aonair agus ar mheasúnú a dhéanamh ar oiriúnacht gach cliant aonair.

Cuireadh a thabhairt do ghrúpa de bheirt daoine nádúrtha nó níos mó ionadaí a cheapadh

67. Má aontaíonn an grúpa de bheirt daoine nádúrtha nó níos mó ionadaí a cheapadh, d'fhéadfaí an cur chuige céanna a thuairiscítear i bhfomhír 2 d'Airteagal 54(6) de Rialachán Tarmhligthe MiFID II a leanúint, i.e. is é eolas agus taithí an ionadaí a bheidh i gceist, agus is de chuid an chliant nó na gcliant foluiteach a bheidh an staid airgeadais agus na cuspóirí infheistíochta. Ba cheart ceapachán den sórt sin a dhéanamh i bhfoirm scríofa agus de réir an dlí náisiúnta is infheidhme agus i gcomhréir leis, agus ba cheart don ghnólacht ábhartha é a thaifeadadh. Ba chóir go gcuirfí na cliant - mar chuid den ghrúpa - ar an eolas go soiléir, i scríbhinn, faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag comhaontú i measc na gcliant ar chosaint a leasanna faoi seach.
68. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go gceanglófaí le beartas an ghnólachta ar an gcliant bunúsach nó ar na cliant bhunúsacha a gcuspóirí infheistíochta a chomhaontú.
69. Má bhíonn deacrachtaí ag na páirtithe lena mbaineann cinneadh a dhéanamh maidir leis an duine nó na daoine ónar cheart an fhaisnéis maidir le heolas agus taithí a bhailiú, maidir leis an mbonn ar cheart an staid airgeadais a chinneadh chun críche an mheasúnaithe oiriúnachta nó chun a gcuspóirí infheistíochta a shainiú, déanfaidh an gnólacht an cur chuige is stuama a ghlacadh trína chur san áireamh, dá réir sin, an fhaisnéis faoin duine a bhfuil an méid is lú eolais agus taithí aige, a bhfuil staid airgeadais is laige aige nó a bhfuil na cuspóirí infheistíochta is coimeádaí aige. De rogha air sin, féadfar a shonrú i mbeartas an ghnólachta nach mbeidh sé in ann comhairle infheistíochta nó seirbhísí bainistíochta punainne a sholáthar i gcás den sórt sin. Ba cheart do ghnólachtaí a bheith stuama ar a laghad aon uair a bheidh difríocht nach beag idir leibhéal eolais agus taithí, nó staid airgeadais na gcliant éagsúil sa ghrúpa, nuair a fhéadfaidh ionstraimí airgeadais gearáilte nó idirbhearta dliteanais theagmhasaigh a bhfuil riosca cailteanais shuntasacha ag baint leo a d'fhéadfadh dul thar infheistíocht tosaigh an ghrúpa cliant a bheith ar áireamh sa chomhairle infheistíochta nó sna seirbhísí bainistíochta punainne agus ba cheart an cur chuige a roghnaíodh a dhoiciméadú go soiléir.

Faisnéis a bhailiú faoi gach cliant aonair agus measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht gach cliant aonair

70. Nuair a chinneann gnólacht faisnéis a bhailiú agus measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht do gach cliant aonair mar chuid den ghrúpa, má tá difríochtaí suntasacha idir saintréithe na gcliant aonair sin (mar shampla, dá ndéanadh an gnólacht iad a rangú faoi phróifíilí infheistíochta éagsúla), tagann an cheist chun cinn faoi conas comhsheasmhacht na

comhairle infheistíochta nó na seirbhísí bainistíochta punainne a sholáthraítear maidir le sócmhainní nó punann an ghrúpa cliant sin a áirithiú. I gcás den sórt sin, d'fhéadfadh ionstraim airgeadais a bheith oiriúnach do chuid cliant amháin den ghrúpa ach ní do chuid eile. Ba cheart go sonrúfaí go soiléir i mbeartas an ghnólachta conas a dhéileálfadh sé le cásanna den sórt sin. Arís eile, ba cheart don ghnólacht an cur chuige ba stuama a ghlacadh trína chur san áireamh an fhaisnéis faoin chliant sa ghrúpa a bhfuil an t-eolas agus an taithí is lú aige nó aici, an staid airgeadais is laige aige nó aici nó na cuspóirí infheistíochta is coimeádaí aige nó aici. De rogha air sin, féadfar a shonrú i mbeartas an ghnólachta nach mbeidh sé in ann comhairle infheistíochta ná seirbhísí bainistíochta punainne a sholáthar i gcás den sórt sin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach dócha go gcomhlíonfaí prionsabal uileghabhálach MiFID II maidir le gníomhú chun leasa na gcliant trí fhaisnéis a bhailiú faoi gach cliant atá sa ghrúpa agus breithniú a dhéanamh, chun críocha an mheasúnaithe, ar mheánphróifíl den leibhéal eolais agus inniúlachta atá acu go léir.

Na socruithe is gá chun táirgí infheistíochta a thuiscint

Reachtaíocht ábhartha: Airteagail 16(2) agus Airteagal 25(3) de MiFID II agus Airteagal 54(9) de Rialachán Tarmiligthe MiFID II.

Treoirlíne ghinearálta 7

71. Maidir leis na beartais agus na nósanna imeachta arna gcur chun feidhme chun tréithe, nádúr agus gnéithe (lena n-áirítear costais agus rioscaí) táirgí infheistíochta a thuiscint, ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú go gceadaítear leis na beartais agus leis na nósanna imeachta sin infheistíochtaí oiriúnacha a mholadh, nó infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí oiriúnacha thar ceann a gcuid cliant.

Treoirlínte tacaíochta

72. Ba cheart do ghnólachtaí nósanna imeachta, modheolaíochtaí agus uirlisí stóinsithe agus oibiachtúla a ghlacadh a cheadaíonn dóibh na saintréithe éagsúla a mheas go hiomchuí, lena n-áirítear fachtóirí inbhuanaitheachta, agus fachtóirí riosca ábhartha (amhail riosca creidmheasa, riosca margaidh, riosca leachtachta²⁴, ...) de gach táirge infheistíochta a bhféadfaidh siad a mholadh nó infheistíocht a dhéanamh ann thar ceann na gcliant. Ba cheart a áireamh leis sin breithniú a dhéanamh ar anailís an ghnólachta arna déanamh chun críocha oibleagáidí maidir le rialachas táirgí²⁵. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do ghnólachtaí measúnú cúramach a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí táirgí áirithe a iompar faoi imthosca áirithe (e.g. bannaí inchomhshóite nó ionstraimí fiachais

²⁴ Tá sé thar a bheith tábhachtach nach ndéantar an riosca leachtachta a shainiú le táscairí riosca eile (amhail, mar shampla, iad siúd a glacadh chun riosca creidmheasa nó riosca contrapháirtí agus riosca margaidh a mheasúnú). Is é an fáth gur cheart gnéithe leachtachta na dtáirgí a chur i gcomparáid le faisnéis faoi thoilteanas an chliant an infheistíocht a shealbhu ar feadh tréimhse áirithe ama, i.e. an 'tréimhse shealbháíochta' mar a thugtar air.

²⁵ Go háirithe, cuirtear de cheangal ar ghnólachtaí le MiFID II faoi fhomhír 2 d'Airteagal 24(2)) "*teacht ar thuiscint ar na hionstraimí airgeadais a thairgeann siad nó a mholann siad*" chun bheith in ann a n-oibleagáid a chomhlíonadh maidir le comhoiriúnacht a áirithiú idir táirgí a thairgtear nó a mholtar agus maidir le spriocmhargadh gaolmhar na gcliant deiridh.

eile atá faoi réir na Treorach maidir le Téarnamh agus Réiteach Banc²⁶ a d'fhéadfadh, mar shampla, a nádúr a athrú go scaireanna). Baineann tábhacht ar leith le breithniú a dhéanamh ar leibhéal “castachta” na dtáirgí, agus ba cheart é sin a mheaitseáil leis an bhfaisnéis ón gcliainnt (go háirithe maidir lena gcuid eolais agus taithe). Cé gur téarma coibhneasta é an chastacht, a bhraitheann ar roinnt fachtóirí, ba cheart do ghnólachtaí na critéir agus na prionsabail a shaináithnítear in MiFID II a chur san áireamh freisin, agus an leibhéal castachta atá le cur i leith táirgí chun críocha an mheasúnaithe oiriúnachta á sainiú agus á gcéimniú go hiomchuí.

73. Agus fachtóirí inbhuanaitheachta táirgí á mbreithniú ag féachaint don chomhoiriúnú ina dhiaidh sin le tosaíochtaí inbhuanaitheachta an chliainnt, d'fhéadfadh gnólachtaí, mar shampla, na hionstraimí airgeadais a áirítear sa raon táirgí a thairgeann siad a aicmiú agus a ghrúpáil i dtéarmaí: i) an chomhréir a infheistítear sna gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), den Rialachán Tacsanomaíochta); ii) cion na n-infheistíochtaí inbhuanaithe (mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (17), de SFDR); iii) príomhthionchair dhíobhálacha agus gnéithe eile inbhuanaitheachta comhshaoil, sóisialta agus rialachais a mheas. Ba cheart go mbeadh grúpáil den sórt sin comhsheasmhach freisin le hanailís an ghnólachta arna déanamh chun críocha oibleagáidí maidir le rialachas táirgí. Meabhraítear do ghnólachtaí nach féidir le grúpáil ionstraimí airgeadais chun críche an mheasúnaithe oiriúnachta teacht in ionad an bhailiúcháin faisnéise ó chliainnt mar a thuairiscítear i míreanna 26 agus 27 thuas.
74. Ba cheart do ghnólachtaí nósanna imeachta a ghlacadh lena áirithiú, i gcás na faisnéise a úsáidfeadh chun tuiscint agus aicmiú ceart a dhéanamh ar tháirgí infheistíochta a áirítear sa réimse táirgí a mbíonn á dtáirgeadh acu, go mbeidh an fhaisnéis sin iontaofa, cruinn, comhsheasmhach agus cothrom le dáta. Agus nósanna imeachta den sórt sin á nglacadh acu, ba cheart do ghnólachtaí saintréithe agus nádúr éagsúla na dtáirgí a bhreithnítear a chur san áireamh (mar shampla, d'fhéadfadh próisis níos mionsonraithe a bheith ag teastáil ó tháirgí níos casta a bhfuil gnéithe ar leith acu agus níor cheart go mbeadh gnólachtaí ag brath go hiomlán ar sholáthraí sonraí amháin chun táirgí infheistíochta a thuiscint agus a aicmiú, ach ba cheart sonraí den sórt sin a sheiceáil agus a cheistiú nó sonraí arna soláthar ag foinsí iolracha faisnéise a chur i gcomparáid lena chéile).
75. Ina theannta sin, ba cheart do ghnólachtaí athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a úsáidtear ionas go mbeidh siad in ann aon athruithe ábhartha a léiriú ar cinn iad a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar aicmiú an táirge. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin,

²⁶ Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lgh. 190 - 348).

agus é á chur san áireamh go bhfuil athrú leanúnach ag teacht ar na margaí airgeadais agus go bhfuil an luas atá leo ag méadú.

I.III CLIAINT A MHEAITSEÁIL LE TÁIRGÍ OIRIÚNACHA

Socruithe is gá chun oiriúnacht infheistíochta a chinntiú

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 16(2) agus Airteagal 25(2) de MiFID II agus Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe MiFID II.

Treoirlíne ghinearálta 8

76. D'fhonn cliaint a mheaitseáil le hinfeistíochtaí oiriúnacha, ba cheart do ghnólachtaí beartais agus nósanna imeachta a bhunú chun a áirithiú go gcuirtear na nithe seo a leanas san áireamh go comhsheasmhach:
- gach faisnéis atá ar fáil faoin gcliant is gá chun a mheas cibé an bhfuil nó nach bhfuil infheistíocht oiriúnach, lena n-áirítear punann infheistíochtaí reatha an chliaint (agus leithdháileadh sócmhainní laistigh den phunann sin);
 - tréithe ábhartha uile na n-infheistíochtaí a chuirtear san áireamh sa mheasúnú oiriúnachta, lena n-áirítear gach priacal ábhartha agus aon chostas dhíreach nó indéreach ar an gcliant.²⁷

Treoirlínte tacaíochta

77. Meabhraítear do ghnólachtaí nach bhfuil an measúnú oiriúnachta teoranta do mholtaí maidir le hionstraim airgeadais a cheannach. Ní mór do gach moladh a bheith oiriúnach, cibé acu an moladh é, mar shampla, ionstraim a cheannach, a shealbhú nó a dhíol nó gan é²⁸.
78. Gnólachtaí atá ag brath ar uirlisí sa phróiseas measúnaithe oiriúnachta (amhail punanna samhlacha, bogearraí leithdháilte sócmhainní nó uirlis próifílithe riosca le haghaidh infheistíochtaí ionchasacha), ba cheart go mbeadh córais agus rialuithe iomchuí acu chun a áirithiú go mbíonn na huirlisí oiriúnach don fheidhm agus go mbíonn torthaí sásúla acu.
79. I ndáil leis an méid sin, ba cheart na huirlisí a dheardh sa chaoi go gcuirfí san áireamh leo sonraíochtaí ábhartha uile gach cliaint nó gach táirge infheistíochta. Mar shampla, ní

²⁷ Féach Airteagail 50 agus 51 de Rialachán Tarmligthe MiFID II maidir leis an oibleagáid cliaint a chur ar an eolas faoi chostais.

²⁸ Féach aithris 87 de Rialachán Tarmligthe MiFID II chomh maith le mír 31 de roinn IV den CESR, An sainmhíniú ar chomhairle faoi MiFID a thuiscint, ceist agus freagraí, 19 Aibreán 2010, CESR/10-293.

bheadh uirlisí a dhéanann aicmiú leathan ar chliant nó ar tháirgí infheistíochta oiriúnach don fheidhm.

80. Ba cheart do ghnólacht beartais agus nósanna imeachta a bhunú a chuirfeadh ar a chumas a áirithiú *inter alia*:
- go gcuirfí leibhéal iomchuí éagsúlaithe riosca san áireamh sna seirbhísí comhairle agus bainistíochta punainne a sholáthraítear don chliant;
 - go mbeadh tuiscint leordhóthanach ag an gcliant ar an ngaol idir riosca agus toradh, i.e. luach saothair íseal sócmhainní saor ó riosca, minicíocht na tréimhse ama ar an gcaidreamh sin agus ar thionchar na gcostas ar a infheistíochtaí;
 - go bhféadfadh staid airgeadais an chliant na hinfeistíochtaí a mhaoiniú agus go bhféadfadh an cliant aon chaillteanas a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr na n-infheistíochtaí a sheasamh;
 - go gcuirfí san áireamh, an fad ama a bhfuil an cliant sásta an infheistíocht a shealbhú in aon mholadh nó idirbheart pearsanta a dhéanfar le linn seirbhís comhairle infheistíochta nó bainistíochta punainne a sholáthar, i gcás ina bhfuil táirge neamhleachtach i gceist; agus
 - go gcuirfí cosc ar aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh dhrochthionchar a imirt ar cháilíocht an mheasúnaithe oiriúnachta.
81. Níor cheart aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí inbhuanaitheachta go dtí go measúnófaí an oiriúnacht i gcomhréir le critéir an eolais agus na taithí, na staide airgeadais agus na gcuspoirí infheistíochta eile. A luaithe a shainaithnítear an raon táirgí oiriúnacha tar éis an mheasúnaithe sin, ba cheart an táirge nó, maidir le bainistíocht punainne nó comhairle infheistíochta i gcomhair le cur chuige punainne, straitéis infheistíochta a chomhlíonann roghanna inbhuanaitheachta an chliant a shainaithint mar dhara chéim.
82. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag gnólacht táirge a mholadh nach gcomhlíonann tosaíochtaí inbhuanaithe tosaigh an chliant i gcomhthéacs na comhairle infheistíochta dá dtagraítear in Aithris 8 de Rialachán Tarmligthe 2021/1253 ón gCoimisiún, ní fhéadfaidh sé é sin a dhéanamh ach amháin tar éis don chliant a chuid tosaíochtaí inbhuanaitheachta nó a cuid tosaíochtaí inbhuanaitheachta a oiriúnú. Ba cheart míniú an ghnólachta ar an gcúis le dul ina mhuinín sin chomh maith le cinneadh an chliant a dhoiciméadú sa tuarascáil oiriúnachta. Meabhraítear do ghnólachtaí nach mbaineann an fhéidearthacht sin ach leis na tosaíochtaí inbhuanaitheachta agus maidir le critéir eile an mheasúnaithe oiriúnachta, nach mór don táirge próifíl an chliant a chomhlíonadh agus nach moltar í mar a shonraítear in Airteagal 54(10) den MiFID. II Rialachán Tarmligthe.
83. I gcás ina ndéanann cliant na tosaíochtaí inbhuanaitheachta a oiriúnú, níor cheart go ndéanfadh an t-oiriúnú sin ach tagairt don chomhairle infheistíochta atá i gceist seachas do phróifíl ghinearálta an chliant. I gcás comhairle infheistíochta, ba cheart an t-oiriúnú a dhoiciméadú sa tuarascáil oiriúnachta agus a bheith faoi réir na nósanna imeachta

faireacháin rialta. Tar éis don chliant a chur in iúl go bhfuil sé de rún aige nó aici a dtosaíochtaí a oiriúnú, agus ní roimhe sin, d'fhéadfadh an gnólacht faisnéis a nochtadh don chliant maidir leis an tairiscint atá aige ar tháirgí a bhfuil gnéithe inbhuanaitheachta acu.

84. I gcás bainistíochta punainne, is gá tosaíochtaí inbhuanaitheachta an chliant, lena n-áirítear an cion íosta a infheistíofar in infheistíochtaí a bhfuil gnéithe inbhuanaitheachta acu, a bhailiú agus a mheasúnú agus an sainordú agus an straitéis infheistíochta á gcomhaontú. Mura féidir leis an ngnólacht na roghanna sin a chomhlíonadh, ba chóir dó é sin a phlé leis an gcliant agus é i mbun teacht ar chomhaontú ar an sainordú ina bhfuil an straitéis infheistíochta sainithe agus fiafraí den chliant ar mhaith leis nó léi a chuid tosaíochtaí nó a chuid tosaíochtaí a oiriúnú. Ba cheart cinneadh an chliant a thaifeadh sa sainordú.

Agus comhairle infheistíochta á cur ar fáil i dteannta cur chuige punainne, ba cheart do ghnólachtaí measúnú a dhéanamh ar thosaíochtaí inbhuanaitheachta an chliant lena n-áirítear an chomhréir íosta agus an measúnú oiriúnachta tosaigh á dhéanamh. Ba cheart don ghnólacht faireachán a dhéanamh ansin féachaint cibé an gcomhlíontar nó nach gcomhlíontar na tosaíochtaí sin ar leibhéal na punainne go fóill agus moltaí iomchuí a eisiúint de réir mar a bheidh.

I gcás comhairle maidir le bainistíocht punainne nó comhairle infheistíochta i dteannta cur chuige punainne, má dhéanann an cliant na tosaíochtaí inbhuanaitheachta a oiriúnú tar éis an mheasúnaithe tosaigh ar oiriúnacht, ba cheart do ghnólachtaí meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an athraithe sin agus cibé an spreagtar nó nach spreagtar leis athchothromú na punainne.

85. I gcás nach bhfreagraíonn cliant an cheist cibé an bhfuil roghanna inbhuanaitheachta aige nó cibé an bhfreagraíonn sé "níl", féadfaidh an gnólacht a mheas go bhfuil an cliant sin "neodrach ó thaobh inbhuanaitheachta de" agus táirgí a mholadh a bhfuil gnéithe a bhaineann agus nach mbaineann le hinbhuanaitheacht.
86. Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an modheolaíocht atá le glacadh chun an measúnú oiriúnachta a dhéanamh, ba cheart go gcuirfeadh an gnólacht san áireamh freisin cineál agus saintréithe na seirbhísí a sholáthraítear agus, ar bhonn níos ginearálta, a shamhail ghnó. Mar shampla, i gcás ina mbainistíonn gnólacht punann nó ina dtugann sé comhairle do chliant maidir lena phunann, ba cheart dó modheolaíocht a ghlacadh a cheadódh dó measúnú oiriúnachta a dhéanamh bunaithe ar phunann an chliant ina hiomláine a bhreithniú.
87. Agus measúnú oiriúnachta á dhéanamh aige, ba cheart do ghnólacht a sholáthraíonn seirbhís bainistíochta punainne, ar thaobh amháin, measúnú a dhéanamh - i gcomhréir leis an dara pointe urchair de mhír 38 de na treoirlínte sin - ar eolas agus ar thaithí an chliant maidir le gach cineál ionstraim airgeadais a d'fhéadfaí a áireamh ina phunann agus na cineálacha rioscaí a bhaineann le bainistiú a phunainne. Ag brath ar leibhéal castachta na n-ionstraimí airgeadais atá i gceist, ba cheart don ghnólacht measúnú ar leith a dhéanamh ar eolas agus ar thaithí an chliant seachas measúnú a dhéanamh

nach mbeadh bunaithe ach ar an gcineál táirge atá i gceist (e.g., fofhiach in ionad bannaí i gcoitinne). Ar an taobh eile, maidir le staid airgeadais agus cuspóirí infheistíochta an chliant, is féidir an measúnú oiriúnachta ar thionchar na hionstraime nó na n-ionstraimí agus an idirbhirt nó na n-idirbheart a dhéanamh ar leibhéal phunann an chliant ina iomláine. Go praiticiúil, má shainmhínítear go mion sa chomhaontú bainistíochta punainne na sonraí maidir leis an straitéis infheistíochta atá oiriúnach don chliant maidir leis na critéir oiriúnachta arna sainiú ag MiFID II agus a leanfaidh an gnólacht iad, d'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na gcinntí infheistíochta i gcoinne na straitéise infheistíochta mar a shainmhínítear sa chomhaontú bainistíochta punainne agus ba cheart go léireodh punann an chliant ina iomláine an straitéis infheistíochta comhaontaithe sin.

Nuair a dhéanann gnólacht measúnú oiriúnachta bunaithe ar phunann an chliant ina hiomláine a mheas laistigh de sheirbhís comhairle infheistíochta, ciallaíonn sé sin gur cheart, ar thaobh amháin, leibhéal eolais agus taithí an chliant a mheasúnú maidir le gach táirge infheistíochta agus gach riosca a bhaineann leis an idirbheart gaolmhar. Ar an lámh eile, maidir le staid airgeadais agus cuspóirí infheistíochta an chliant, féadtar an measúnú oiriúnachta faoi thionchar an táirge agus an idirbhirt a dhéanamh ar leibhéal phunann an chliant.

88. Nuair a dhéanann gnólacht measúnú oiriúnachta bunaithe ar phunann an chliant ina hiomláine a bhreithniú d'fhéadfadh sé oiriúnacht a mheasúnú maidir le tosaíochtaí inbhuanaitheachta, mar shampla, tríd na tosaíochtaí sin a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear an cion íosta a dhéanfar a infheistiú in infheistíochtaí le gnéithe inbhuanaitheachta²⁹) ar an meán ar leibhéal na punainne ina hiomláine nó ar leibhéal na coda nó na gcéatadáin den phunann ar mian leis an gcliant go ndéanfaí é a infheistiú i dtáirgí a bhfuil gnéithe inbhuanaitheachta acu³⁰.
89. Nuair a dhéanann gnólacht measúnú oiriúnachta bunaithe ar phunann an chliant ina hiomláine a bhreithniú, ba cheart dó leibhéal iomchuí éagsúlaithe a áirithiú laistigh de phunann an chliant, ag cur san áireamh neamhchosaint phunann an chliant ar na rioscaí airgeadais éagsúla (neamhchosaint gheografach, neamhchosaint airgeadra, nochtadh aicme sócmhainne, etc.). I gcásanna, mar shampla, ó thaobh an ghnólachta de, go bhfuil méid phunann an chliant róbheag chun éagsúlú éifeachtach a cheadú i dtéarmaí riosca creidmheasa, d'fhéadfadh an gnólacht smaoineamh ar na cliant sin a dhíriú ar chineálacha infheistíochtaí atá 'urraithe' nó éagsúlaithe *per se* (cuir i gcás ciste infheistíochta éagsúlaithe).

Ba cheart go mbeadh gnólachtaí stuama go háirithe maidir le riosca creidmheasa, i.e. ba cheart aird ar leith a thabhairt ar nochtadh phunann an chliant d'eisitheoir aonair amháin nó d'eisitheoirí atá mar chuid den ghrúpa céanna. Is é an fáth atá leis sin ná má tá punann an chliant comhchruinnithe i dtáirgí arna n-eisiúint ag eintiteas aonair amháin (nó ag eintitis den ghrúpa céanna), i gcás mainneachtana an eintitis sin, féadfaidh an

²⁹ Féach mír 26 de na treoirlínte.

³⁰ Féach mír 29 de na treoirlínte.

cliant suas le méid iomlán infheistíochta a chailleadh. Agus iad ag feidhmiú trí shamlacha féin-socrúcháin, mar a thugtar orthu, meabhraítear do ghnólachtaí Ráiteas 2016 ón ESMA ar BRRD³¹ “*ba cheart dóibh comhchruinniú iomarcach infheistíochtaí in ionstraimí airgeadais atá faoi réir an chórais réitigh arna eisiúint ag an ngnólacht féin nó ag eintitis den ghrúpa céanna a sheachain*”. Dá bhrí sin, i dteannta leis na modheolaíochtaí atá le cur chun feidhme chun riosca creidmheasa táirgí a mheasúnú (féach treoirlíne 7), ba cheart do ghnólachtaí bearta agus nósanna imeachta *ad hoc* a ghlacadh freisin chun a áirithiú go ndéantar comhchruinniú maidir le riosca creidmheasa a shainaithint, a rialú agus a mhaolú go héifeachtach (mar shampla, d’fhéadfaí tairseacha *ex ante* a chuimsiú)³².

90. Chun comhsheasmhacht an mheasúnaithe oiriúnachta a dhéantar trí uirlisí uathoibrithe a áirithiú (fiú mura dtarlaíonn an t-idirghníomhú le cliant trí chórais uathoibrithe), ba cheart do ghnólachtaí faireachán agus tástáil rialta a dhéanamh ar na halgartaim atá mar bhunús le hoiriúnacht na n-idirbheart arna moladh nó arna ndéanamh thar ceann cliant. Agus algartaim den sórt sin á sainiú, ba cheart do ghnólachtaí cineál agus saintréithe na dtáirgí a áirítear ina dtairiscint do chliant a chur san áireamh. Go háirithe, ba cheart do ghnólachtaí an méid seo a leanas a dhéanamh ar a laghad:

- doiciméadacht iomchuí dearaidh córais a bhunú ina leagtar amach go soiléir cuspóir, raon feidhme agus dearadh na n-algartam. Ba cheart crainn chinnteoireachta nó rialacha cinnteoireachta a bheith ina gcuid den doiciméadacht sin, i gcás inarb ábhartha;
- straitéis tástála dhoiciméadaithe a bheith acu ina mínítear raon feidhme na tástála ar algartaim. Ba cheart pleananna tástála, cásanna tástála, torthaí tástála, réiteach fabhtanna (más ábhartha) agus torthaí tástála deiridh a áireamh leis sin;
- beartais agus nósanna imeachta iomchuí a bheith i bhfeidhm acu chun aon athruithe ar algartam a bhainistiú, lena n-áirítear faireachán agus taifid a choimeád ar aon athruithe den sórt sin. Áirítear leis sin socruithe slándála a bheith i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar rochtain neamhúdaráithe ar an algartam agus chun an rochtain sin a chosc;
- algartaim a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta lena áirithiú go léireofar leo aon athruithe ábhartha (e.g., athruithe sa mhargadh nó athruithe ar an dlí is infheidhme) a d’fhéadfadh difear a dhéanamh dá n-éifeachtacht;
- beartais agus nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu lena féidir aon earráid laistigh den algartam a bhrath agus déileáil leis go hiomchuí, lena n-áirítear, mar

³¹ Féach ‘Cleachtas MiFID do ghnólachtaí a dhíolann ionstraimí airgeadais atá faoi réir réimeas réitigh BRRD’ (ESMA/2016/902).

³² Chuige sin, agus i gcomhréir le Ráiteas an ESMA atá luaite, ba cheart do ghnólachtaí gnéithe sonracha na n-urrús a thairgtear a chur san áireamh freisin (lena n-áirítear a ngnéithe riosca agus imthosca an eistheora) chomh maith le staid airgeadais na gcliant, lena n-áirítear a gcumas cailteanais a iompar, agus a gcuspóirí infheistíochta, lena n-áirítear a bpróifíl riosca.

shampla, soláthar comhairle a chur ar fionraí más dócha go ndéanfar idirbheart míchuí agus/nó sárú ar dhlí nó ar rialachán ábhartha mar thoradh ar an earráid sin;

- acmhainní leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm acu, lena n-áirítear acmhainní daonna agus acmhainní teicneolaíocha, chun faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht algartam trí athbhreithniú leordhóthanach tráthúil a dhéanamh ar an gcomhairle a sholáthraítear; agus
- próiseas iomchuí inmheánach maidir le síniú a bheith i bhfeidhm acu lena áirithiú gur leanadh na céimeanna thuas.

Costais agus castacht táirgí coibhéseacha

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 25(2) de MiFID II agus Airteagal 54(9) de Rialachán Tarmligthe MiFID II

Treoirlíne ghinearálta 9

91. Ba cheart go n-áiritheofaí le beartais agus le nósanna imeachta oiriúnachta, sula ndéanann gnólacht cinneadh ar an táirge infheistíochta nó ar na táirgí infheistíochta a mholtar nó a infheisteofar sa phunann atá á bainistiú thar ceann an chliaint, go ndéanfaí measúnú críochnúil ar na roghanna infheistíochta a d'fhéadfadh a bheith ann agus costas agus castacht na dtáirgí á gcur san áireamh.

Treoirlínte tacaíochta

92. Ba cheart go mbeadh próiseas i bhfeidhm ag gnólachtaí lena n-áireofaí nádúr na seirbhíse, an tsamhail ghnó agus an cineál táirgí a chuirtear ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar tháirgí atá ar fáil atá 'coibhéseach' lena chéile i dtéarmaí a gcumais freastal ar riachtanais agus ar imthosca an chliaint, amhail ionstraimí airgeadais a bhfuil spriocmhargaí comhchosúla agus próifíl riosca-toraidh comhchosúil acu.
93. Agus an fachtóir costais á bhreithniú, ba cheart do ghnólachtaí na costais agus na muirir go léir a chumhdaítear leis na forálacha ábhartha faoi Airteagal 24(4) de MiFID II agus na forálacha gaolmhara de Rialachán Tarmligthe MiFID II a chur san áireamh. Maidir leis castacht, ba cheart do ghnólachtaí tagairt a dhéanamh do na critéir atá sainitheanta i dtreoirlíne 7 thuas. I gcás gnólachtaí a bhfuil raon teoranta táirgí acu nó gnólachtaí a mholann cineál amháin táirge i gcás ina bhféadfaí teorainn a chur leis an measúnú ar tháirgí 'coibhéseacha', tá sé tábhachtach go gcuirfí cliaint ar an eolas go hiomlán faoi imthosca den sórt sin. Sa chomhthéacs sin, tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfí faisnéis iomchuí ar fáil do chliaint maidir le cé chomh srianta agus atá raon na dtáirgí a thairgtear, de bhun Airteagal 24(4)(a)(ii) de MiFID II³³.

³³ I gcomhréir le MiFID II, ní mheastar, dá bhrí sin, go mbreithneoidh gnólachtaí na roghanna infheistíochta féideartha uile atá ar an margadh chun an ceanglas faoi Airteagal 54(9) de Rialachán Tarmligthe MiFID II a chomhlíonadh.

94. I gcás ina n-úsáideann gnólacht comhstraitéisí punainne nó tograí infheistíochta eiseamláireacha a bhfuil feidhm acu maidir le cliant éagsúla a bhfuil an próifíl infheistíochta chéanna acu (mar a chinneann an gnólacht é), d'fhéadfaí an measúnú ar chostas agus ar chastacht táirgí 'coibhéiseacha' a dhéanamh ar leibhéal níos airde agus ar bhonn lárnach, i.e. cuir i gcás laistigh de choiste infheistíochta nó aon choiste eile a shainíonn comhstraitéisí punainne nó tograí infheistíochta eiseamláireacha) cé go mbeidh ar ghnólacht a áirithiú fós go bhfuil na táirgí infheistíochta roghnaithe oiriúnach agus go gcomhlíonfaidh siad próifíl a gcliant ar bhonn cliant ar chliant.
95. Ba cheart go mbeadh gnólachtaí in ann údar a thabhairt leis na cásanna sin ina ndéantar táirge níos costasaí nó níos casta a roghnú nó a mholadh thar tháirge coibhéiseach, ag cur san áireamh go bhféadfadh critéir bhreise a mheas freisin maidir le próiseas roghnúcháin na dtáirgí i gcomhthéacs comhairle infheistíochta nó bainistíochta punainne (éagsúlacht na punainne, leibhéal leachtachta nó riosca, mar shampla). Ba cheart do ghnólachtaí na cinntí sin a dhoiciméadú agus a choinneáil ar taifead mar ba chóir go dtabharfadh feidhmeanna rialaithe laistigh den ghnólacht aird ar leith do na cinntí sin. Ba cheart go mbeadh na doiciméid faoi seach faoi réir athbhreithnithe inmheánaigh. Agus comhairle infheistíochta á cur ar fáil acu d'fhéadfadh gnólachtaí, ar chúiseanna sonracha dea-shainithe, cinneadh a dhéanamh freisin an cliant a chur ar an eolas faoin gcinneadh ionstraim airgeadais níos costasaí agus níos casta a roghnú.

Costais agus buntáistí a bhaineann le hinfheistíocht a aistriú

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 16(2) agus Airteagal 25(2) de MiFID II agus Airteagal 54(11) agus (12) de Rialachán Tarmligthe MiFID II.

Treoirlíne ghinearálta 10

96. Ba cheart go mbeadh beartais agus nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm ag gnólachtaí lena áirithiú go ndéanfar anailís ar na costais agus ar na tairbhí a bhaineann le haistriú sa chaoi is go mbeidh gnólachtaí in ann a léiriú go réasúnta gur mó na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo as aistriú ná na costais. Ba cheart do ghnólachtaí rialuithe iomchuí a chur ar bun freisin chun aon imchéimniú ar cheanglais ábhartha MiFID II a sheachaint.

Treoirlínte tacaíochta

97. Chun críche na treorach seo, ní mheasfaí de ghnáth cinntí infheistíochta amhail punann atá á bainistiú a athchothromú i gcás "straitéis éighníomhach" chun innéacs a mhacasamhlú (arna chomhaontú leis an gcliant) a bheith ina aistriú. D'fhonn amhras a sheachaint, mheasfaí gur aistriú é aon idirbheart gan na tairseacha sin a choinneáil. Do chliant ghairmiúla *per se*, féadfar an anailís costais is tairbhe a dhéanamh ar leibhéal na straitéise infheistíochta.
98. Ba cheart do ghnólachtaí an fhaisnéis riachtanach ar fad a chur san áireamh ionas go mbeidh siad in ann anailís costais is tairbhe a dhéanamh ar an aistriú, i.e. measúnú ar bhuntáistí agus ar mhíbhuntáistí na hinfheistíochta nua nó na n-infheistíochtaí nua a breithníodh. Agus gné an chostais á meas, ba cheart do ghnólachtaí na costais agus na

muirir go léir a chumhdaítear leis na forálacha ábhartha faoi Airteagal 24(4) de MiFID II agus na forálacha gaolmhara de Rialachán Tarmilgthe MiFID II a chur san áireamh. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh fachtóirí airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta costais agus tairbhe a bheith ábhartha. D'fhéadfaí go n-áireofaí leo sin, mar shampla:

- glantoradh ionchasach an idirbhirt mhalartaigh atá beartaithe (lena n-áirítear freisin aon chostas tosaigh a d'fhéadfadh a bheith le híoc ag an gcliant nó ag na cliaint) i gcoinne ghlantoradh ionchasach na hinfheistíochta reatha (ar cheart go n-áireofaí leis freisin aon chostas scoir a d'fhéadfadh an cliant nó na cliaint a thabhtú chun díshealbhú ón táirge atá ina phunann cheana féin;
- athrú ar chúinsí agus ar riachtanais an chliaint, rud a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le hathrú a bhreithniú, e.g. an gá le leachtacht sa ghearrthéarma mar thoradh ar imeacht teaghligh gan choinne agus neamhphleanáilte;
- athrú ar ghnéithe na dtáirgí agus/nó ar chúinsí an mhargaidh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hathrú i bpunann(a) an chliaint nó na gcliant a bheith á bhreithniú, e.g. má bhíonn táirge neamhleachtach de bharr treochtaí sa mhargadh;
- tairbhí do phunann an chliaint a eascraíonn as an aistriú, amhail (i) méadú ar éagsúlú na punainne (de réir limistéir gheografaigh, cineál ionstraim, cineál eisitheora, etc.); (ii) ailíniú méadaithe ar phróifíl riosca na punainne le cuspóirí riosca an chliaint; (iii) méadú ar leachtacht na punainne; nó (iv) laghdú ar riosca creidmheasa foriomlán na punainne;

99. Agus comhairle infheistíochta á cur ar fáil, ba cheart míniú soiléir ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil tairbhí an aistrithe mholta níos airde ná na costais a ghabhfaidh leis a chur san áireamh sa tuarascáil oiriúnachta a chaithfidh an gnólacht a sholáthar don chliant miondíola sula ndéanfar an t-idirbheart.

100. Ba cheart do ghnólachtaí córais agus rialuithe a ghlacadh freisin chun faireachán a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le teacht timpeall ar an oibleagáid costais agus tairbhí a bhaineann le haistriú molta a mheasúnú, mar shampla i gcásanna ina leantar comhairle maidir le táirge a dhíol le comhairle chun táirge eile a cheannach ag céim níos déanaí (e.g. lá ina dhiaidh sin), ach i ndáiríre bhí dlúthbhaint idir an dá idirbheart ón tús.

101. I gcás ina n-úsáideann gnólacht comhstraitéisí punainne nó tograí infheistíochta eiseamláireacha a bhaineann le cliaint éagsúla a bhfuil an phróifíl infheistíochta chéanna acu (arna chinneadh ag an ngnólacht), d'fhéadfaí anailís costais is tairbhe ar aistriú a dhéanamh ar leibhéal níos airde ná ar leibhéal gach cliaint aonair nó gach idirbhirt aonair. Go háirithe, nuair a dhéantar cinneadh maidir le haistriú go lárnach, mar shampla laistigh de choiste infheistíochta nó d'aon choiste eile a shainíonn comhstraitéisí punainne nó tograí infheistíochta eiseamláireacha, d'fhéadfaí an anailís costais is tairbhe a dhéanamh ar leibhéal an choiste sin. Má dhéantar cinneadh den sórt sin maidir le haistriú go lárnach, is gnách go mbeadh an anailís costais is tairbhe a dhéantar ar an leibhéal sin infheidhme ar gach punann cliant ionchomparáide gan measúnú a dhéanamh ar gach cliant aonair. I gcás den sórt sin freisin, d'fhéadfadh an gnólacht a

chinneadh, ar leibhéal an choiste ábhartha, cén fáth nach ndéanfar aistriú arna chinneadh do chliant áirithe. Cé go bhféadfaí an anailís costais is tairbhe a dhéanamh ar leibhéal níos airde i gcásanna den sórt sin, ba cheart go mbeadh rialuithe iomchuí i bhfeidhm ag an ngnólacht chun a sheiceáil nach bhfuil aon saintréithe ar leith ag cliant áirithe a bhféadfadh leibhéal níos scoite anailíse a bheith ag teastáil uathu.

102. I gcás ina bhfuil sainordú níos saindeartha agus straitéis infheistíochta comhaontaithe ag bainisteoir punainne le cliant mar gheall ar shainriachtanais infheistíochta an chliant sin, b'oiriúnaí anailís costais is tairbhe ar an aistriú a dhéanamh ag leibhéal an chliant os a choinne an méid thuas.³⁴
103. D'ainneoin an méid sin, má mheasann bainisteoir punainne gur cheart comhdhéanamh nó paraiméadair phunainne a athrú ar bhealach nach gceadaítear leis an sainordú a comhaontaíodh leis an gcliant (e.g. ó straitéis atá dírithe ar chothromais go straitéis sheasta atá dírithe ar ioncam), ba chóir don bhainisteoir punainne é sin a phlé leis an gcliant agus athbhreithniú nó measúnú oiriúnachta nua a dhéanamh chun sainordú nua a chomhaontú.

I.IV CEANGLAIS GHAOLMHARA EILE

Cáilíochtaí ball foirne gnólachta

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 16(2), 25(1) agus 25(9) de MiFID II agus Airteagal 21(1)(d) de Rialachán Tarmligthe MiFID II

Treoirlíne ghinearálta 11

104. Ceanglaítear ar ghnólachtaí a chinntiú go bhfuil leibhéal imleor scileanna, eolais agus saineolais ag baill foirne a bhfuil baint acu le gnéithe ábhartha den phróiseas oiriúnachta.

Treoirlínte tacaíochta

105. Ní mór don fhoireann an ról atá acu sa phróiseas measúnaithe oiriúnachta a thuiscint agus na scileanna, an t-eolas agus an saineolas a bheith acu is gá, lena n-áirítear eolas leordhóthanach ar na ceanglais agus na nósanna imeachta rialála ábhartha, chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh.
106. Ní mór go mbeadh an t-eolas agus an inniúlacht riachtanach ag baill foirne a cheanglaítear faoi Airteagal 25(1) de MiFID II (agus a shonraítear tuilleadh i dTreoirlínte ESMA maidir le heolas agus inniúlacht a mheasúnú³⁵), lena n-áirítear maidir leis an measúnú oiriúnachta. Ba cheart go mbeadh an t-eolas agus an inniúlacht is gá ag an bhfoireann maidir le critéir na dtosaíochtaí inbhuanaitheachta mar a shonraítear in Airteagal 2(7) de Rialachán Tarmligthe MiFID II agus a bheith in ann na gnéithe éagsúla

³⁴ Le haghaidh caidrimh le cliant ghairmiúla féach alt 89.

³⁵ Tagairt: ESMA71-1154262120-153 EN (athbhreithnithe)).

a mhíniú do chliant i dtéarmaí neamhtheicniúla. Chuige sin, ba cheart do ghnólachtaí oiliúint chuí a thabhairt don fhoireann.

107. Ní mór go mbeadh na scileanna, an t-eolas agus an saineolas riachtanach fós ag baill foirne eile nach dtugann aghaidh dhíreach ar chliant ach atá páirteach sa mheasúnú oiriúnachta ar aon bhealach eile, ag brath ar a ról ar leith sa phróiseas oiriúnachta³⁶. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, na ceistneoirí a ullmhú, algartaim a shainiú lena rialaítear an measúnú nó gnéithe eile is gá chun an measúnú oiriúnachta a dhéanamh agus comhlíonadh na gceanglas oiriúnachta a rialú.
108. I gcás inarb ábhartha, agus uirlisí uathoibrithe (lena n-áirítear uirlisí hibrídeacha) á n-úsáid acu, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú maidir lena mbaill foirne a mbíonn baint acu leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le sainmhíniú na n-uirlisí sin:
- (a) go bhfuil tuiscint iomchuí acu ar an teicneolaíocht agus ar na halgartaim a úsáidtear chun comhairle dhigiteach a thabhairt (ba cheart tuiscint a bheith acu ar an réasúnaíocht, ar na rioscaí agus ar na rialacha taobh thiar na halgartaim atá ina mbonn taca ag an gcomhairle dhigiteach); agus
 - (b) go bhfuil tuiscint acu ar an gcomhairle dhigiteach a ghintear leis na halgartaim í agus go bhfuil siad in ann é a athbhreithniú.

Coimeád taifead

Reachtaíocht ábhartha: Airteagail 16(6), 25(1) agus 25(6) de MiFID II agus Airteagail 72, 73, 74 agus 75 de Rialachán Tarmligthe MiFID II.

Treoirlíne ghinearálta 12

109. Ba cheart do ghnólachtaí ar a laghad:

- (a) socruithe leordhóthanacha taifeadta agus coinneála a choinneáil ar bun chun a áirithiú go gcoimeádfar taifid a bhfuil slacht orthu agus atá trédhearcach maidir leis an measúnú oiriúnachta, lena n-áirítear faisnéis a bhailítear ón gcliant, aon chomhairle infheistíochta a chuirtear ar fáil agus gach infheistíocht (agus dí-infheistíocht) a dhéantar tar éis an mheasúnaithe oiriúnachta agus na tuarascálacha oiriúnacht ghaolmhara a chuirtear ar fáil don chliant;
- (b) a áirithiú go gceapfar socruithe chun taifid a choimeád sa chaoi go mbeifear in ann cásanna mainneachtana a bhrath maidir leis an measúnú oiriúnachta (amhail mídhíol);

³⁶ Tugann ESMA dá aire go dteastaíonn deimhniú ón bhfoireann a sholáthraíonn comhairle infheistíochta agus/nó bainistiú punainne nó córais choibhéiseacha ó roinnt Ballstát chun leibhéal cuí eolais agus saineolais na foirne a mbíonn baint acu le gnéithe ábhartha den phróiseas oiriúnachta a áirithiú.

- (c) a áirithiú go mbeidh rochtain ag na daoine ábhartha sa ghnólacht agus ag na húdaráis iniúla ar na taifid a choimeádfar, lena n-áirítear na tuarascálacha oiriúnachta curtha ar fáil do chliant;
- (d) próisis leordhóthanacha a bheith ar bun acu chun maolú a dhéanamh ar aon easnaimh nó ar aon teorainneacha a bhaineann leis na socruithe coimeádta taifead.

Treoirlínte tacaíochta

110. Ní mór socruithe coimeádta taifead arna nglacadh ag gnólachtaí a dhearadh chun a chur ar chumas gnólachtaí a rianú ex-post cén fáth a ndearnadh infheistíocht nó dí-infheistíocht agus cén fáth ar tugadh comhairle infheistíochta fiú nuair nach raibh infheistíocht nó dí-infheistíocht iarbhír mar thoradh ar an gcomhairle. D'fhéadfadh sé sin a bheith tábhachtach i gcás díospóide idir cliant agus an gnólacht. Tá sé sin tábhachtach i gcúrsaí rialaithe freisin, mar shampla, d'fhéadfadh aon teip i gcoimeád taifead bac a chur ar mheasúnú údaráis inniúil ar cháilíocht phróiseas oiriúnachta gnólachta, agus d'fhéadfadh sé sin lagú a dhéanamh ar chumas lucht na bainistíochta rioscaí a bhaineann le mídhíol a aithint.
111. Dá bhrí sin, ceanglaítear ar ghnólacht an fhaisnéis ábhartha ar fad faoin measúnú oiriúnachta a thaifeadadh amhail faisnéis faoin gcliant (lena n-áirítear an chaoi a n-úsáidtear agus a léirmhínítear an fhaisnéis sin chun próifíl riosca an chliant a shainiú) agus faisnéis faoi ionstraimí airgeadais a mholtar don chliant nó a ceannaíodh thar ceann an chliant, chomh maith leis an tuarascáil oiriúnachta a cuireadh ar fáil do chliant. Ba cheart go n-áireofaí ar na taifid sin:
- aon athrú a dhéanfaidh an gnólacht maidir leis an measúnú oiriúnachta, go háirithe aon athrú ar phróifíl riosca infheistíochta an chliant;
 - na cineálacha ionstraimí airgeadais atá oiriúnach don phróifíl sin agus an réasúnaíocht is bun leis an measúnú sin, chomh maith le haon athruithe agus na cúiseanna atá leo.
 - na cásanna ina ndéantar tosaíochtaí inbhuanaitheachta cliant a oiriúnú i gcomhréir le hAirteagal 54(10) de Rialachán Tarmligthe MiFID II, lena n-áirítear míniú soiléir ar na cúiseanna atá leis an oiriúnú sin.
112. Ba cheart go dtuigfeadh gnólachtaí na rioscaí breise a d'fhéadfadh cur isteach ar sholáthar seirbhísí infheistíochta trí uirlisí ar líne agus digiteacha amhail cibearghníomhaíocht mhaílíseach agus ba cheart go mbeadh socruithe i bhfeidhm acu chun na rioscaí sin a mhaolú.³⁷

³⁷ Ba cheart do ghnólachtaí rioscaí den sórt sin a mheas ní hamháin i ndáil leis na forálacha a luaitear sa treoirlíne ach ina theannta sin mar chuid de na hoibleagáidí níos leithne atá ar ghnólacht faoi Airteagal 16(4) de MiFID II bearta réasúnta a ghlacadh chun leanúnachas agus rialtacht a áirithiú maidir le feidhmíocht seirbhíse agus gníomhaíochtaí infheistíochta agus na ceanglais chomhfhreagracha faoin ngníomh tarmligthe a bhaineann leis sin.